An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission




# ATHBHREITHNIÚ I nDIAIDH IMEACHT TOGHCHÁIN

## Toghcháin Pharlaimint na hEorpa, Toghcháin Áitiúla agus Toghchán Mhéara Luimnigh

7 Meitheamh 2024

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Nollaig 2024
ISBN: 978-1-911722-06-9

**An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.**

@ElecCommIRL



# An Clár Ábhar

1. An Brollach 1
2. Achoimre Fheidhmeach 3
3. Raon Feidhme PEERanna 8
4. Freastal agus Breathnóireacht na nImeachtaí Toghcháin 9
5. Taithí Vótálaithe 11
6. Seicliosta PEER 13
7. Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin 19
8. Bealaí PEER 21
9. Anailís 31
10. Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) 43
11. Moltaí PEER an Mheithimh 47
12. Na Chéad Chéimeanna Eile 49
13. Fonótaí 50
14. Aguisíní 51
- **Aguisín 1 – Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER 51**
- **Aguisín 2 – Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu 54**

# 1. An Brollach



An 7 Meitheamh 2024, thogh muintir na hÉireann 949 comhairleoir áitiúil agus 14 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa. Thogh muintir Luimnigh an chéad Mhéara dírthofa i stair an Stáit. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí reachtúla a dhílsítear dó le halt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, rinne an Coimisiún Toghcháin cinneadh tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ar riarachán na dtrí imeacht toghcháin sin, agus cuireadh é sin in iúl don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus do na cinn chomhairimh a ceapadh le haghaidh na dtoghchán sin. Is é seo an dara hAthbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) ón gCoimisiún a chomhlíonann go leor de na prionsabail agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta i leith breathnóireacht toghcháin. Tugtar sonraí san Athbhreithniú seo freisin ar an bhfeachtas gníomhach agus spleodrach a reáchtálamar, mar an Coimisiún, sa tréimhse go dtí an 7 Meitheamh. Tugtar sonraí sa tuarascáil seo faoinár rannpháirtíochtaí sna meáin, imeachtaí poiblí agus ár bhfeachtas chun daoine a fháil cláraithe agus ag an mbosca ballóide.

Mar a tharla lenár nAthbhreithiú i ndiaidh Imeacht Toghcháin faoi reifrinn Mhárta 2024, thug comhaltaí agus foireann an Choimisiúin faoi bhreathnóireachtaí ag stáisiúin vótála le haghaidh na tuarascála seo. San iomlán, thugamar cuairt ar 100 stáisiún vótála ar fud 26 contae an Stáit, ó Iarthar Chorcaí go Cionn Mhálanna, agus ó Bhinn Éadair go hInis Oírr. Ba mhór an onóir dúinn reáchtáil na dtrí imeacht toghcháin seo a fheiceáil. Bhí áthas ar leith orainn breathnóireacht a dhéanamh ar ócáid chinniúnach an chéad toghcháin sa Stát le haghaidh méara dírthofa i gCathair agus Contae Luimnigh.

Bhí ár bhfoirne breathnóireachta tógtha leis an ngairmiúlacht agus díograis a léirigh foirne toghcháin ar fud na tíre ar lá na vótála. Admhaíonn an Coimisiún freisin an obair mhór a theastaíonn chun ullmhú d'imeachtaí toghcháin dá leithéid, agus tréaslaíonn leis na cinn chomhairimh agus na hoifigigh a chinntigh cur i gcrích rathúil an phróisis chasta sin. Tógáil croí dúinn ar fad a bhí ann tiomantas na vótálaithe dá gceart chun vótála a fheidhmiú a fheiceáil, chomh maith le tiomantas na n-oifigeach toghcháin do chinntiú gur éascaíodh na vótálaithe uile i bhfeidhmiú a gcirt. Breathnóireacht agus buíochas é seo a roinneamar inár gcéad tuarascáil PEER agus a roinnimid anseo freisin.

I gcás amháin, chuir oifigeach ceannais fáilte roimh cheann dár bhfoirne chuig an stáisiún vótála. Ba í a mháthair féin a bhí ina hoifigeach ceannais roimhe siúd, agus a fear céile a bhí i ról an oifigigh ceannais roimpise. Bhí an triúr sin ón teaghlach céanna tar éis, in imeacht na mblianta, dáta gach lae vótála ó 1984 a thaifeadadh le go bhfeicfeadh na vótálaithe ar fad iad agus iad ag caitheamh vóta. Rith sé liom gur léiriú oiriúnach é sin ní hamháin ar thiomantas ár bhfoirne toghcháin don phróiseas toghcháin, ach mar léargas ar bhuanseasmhacht agus seasmhacht ár ndaonlathais.

Mar a tharla i mí an Mhárta, bhí ár bhfoirne breathnóireachta sásta tríd is tríd a fheiceáil gur riaradh an próiseas vótála go cúramach agus go slán sna stáisiúin vótála. Anuas air sin, in go leor cásanna, ba dhóigh go raibh leagan amach na stáisiún vótála sách inrochtana, ach ba léir dúinn agus shonraíomar roinnt teipeanna i dtaobh gach stáisiún vótála a dhéanamh inrochtana do vótálaithe a dteastaíonn uathu vóta a chaitheamh go neamhspleách. Níor thugamar faoin gcineál breathnóireachta a dhéanfadh innealtóir nó duine eile le saineolas mar sin, is mar ghnáthdhaoine a thugamar faoi, agus ár gcreideamh gur cheart an próiseas daonlathach a dhéanamh chomh hinrochtana do chách agus is féidir mar threoir againn. Tarraingíonn na fadhbanna a feiceadh i stáisiúin vótála áirithe ábhar imní anuas faoi chumas roinnt vótálaithe páirt a ghlacadh go hiomlán sa phróiseas daonlathach. Tá imní orm, go háirithe, go bhfacthas i gcás stáisiúin vótála áirithe






nár sonraíodh mar neamh-inrochtana roimh na toghcháin go raibh bacainní féideartha iontu do vótálaithe faoi mhíchumas. Tugtar cuntas mionsonraithe sa tuarascáil seo ar na deacrachtaí sin agus ar chinn eile, agus chuir siad sin bonn eolais faoi na moltaí a dhéantar sa tuarascáil seo go díreach. Thapaíomar an deis seo freisin, bunaithe ar ár mbreathnóireachtaí ar an 7 Meitheamh, athchóirithe níos ginearálta a mholadh a d'fhéadfadh inrochtaineacht an chórais toghcháin níos leithne a fheabhsú.

Tógann an tAthbhreithniú seo ar ár dtaithí ar *Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin le haghaidh na Reifreann ar an Teaghlach agus Cúram* i mí an Mhárta 2024 a ullmhú. Is iad na hathbhreithnithe seo na chéad athbhreithnithe dá leithéid in Éirinn agus d'fhéadfaidís cur le feabhsú ár gcórais toghcháin do chách, agus do chuid de na grúpaí is imeallaithe inár sochaí go háirithe. Tá súil againn go bhféadfadh ár n-eispéiris ar lá na vótála léargas a thabhairt ar chuid de na heasnaimh inár gcóras toghcháin, bídís áitiúil nó córasach.

Cothaítear ár ndaonlathas le hobair dhíograiseach na bhfoirne toghcháin ar fud na tíre, agus bíonn rath air nuair atá na daoine sásta páirt a ghlacadh ann agus muinín a bheith acu as. Creidimid go láidir gur féidir linn, trí rochtain ar an gcóras toghcháin a fheabhsú do na daoine ar fad a chónaíonn sa Stát, sláinte ár ndaonlathais a dhaingniú don todhchaí.

Tá súil agam go gcabhróidh an tAthbhreithniú seo leis na hiarrachtaí tábhachtacha sin, agus molaim é don léitheoir.



**An Breitheamh Uasal Marie Baker**
Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin

# 2. Achoimre Fheidhmeach

> *“Tá gach duine tábhachtach i ndaonlathas a chur i bhfeidhm. Agus ní bheidh fíordhaonlathas ann go dtí go mbeidh ag gach duine fásta ann, atá freagrach agus umhal don dlí, beag beann ar chine, gnéas, dath nó creideamh, a ghuth nó a guth doshannta agus docheannaithe féin sa rialtas.”*
> Carrie Chapman Catt

Ar cheann de chumhachtaí tábhachtacha an Choimisiúin Toghcháin tá an chumhacht reachtúil athbhreithnithe i ndiaidh imeacht toghcháin a reáchtáil.

Foráiltear go sonrach in alt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go bhféadfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú i ndiaidh gach imeachta toghcháin ar riarachán an imeachta toghcháin, ar a dtugtar **‘Athbhreithniú i ndiaidh Imeacht Toghcháin’ (PEER)**. Is í seo an tuarascáil ar an athbhreithniú i ndiaidh imeacht toghcháin le haghaidh na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, thoghcháin na n-údarás áitiúil, agus toghcháin Mhéara Luimnigh a bhí ar siúl ar an 7 Meitheamh 2024. Is é seo an dara PEER ón gCoimisiún. Tá an cur chuige a úsáideadh don PEER seo cosúil leis an PEER roimhe seo le haghaidh reifrinn mhí an Mhárta 2024 ar go leor bealaí. Ach léiríonn sé forbairt bhreise ar an tsamhail PEER freisin, agus tá na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcéad athbhreithniú sin le brath anseo.

Mar a tharla sa chéad PEER, úsáideadh obair allamuigh agus an fhoireann i láthair go pearsanta mar mhodheolaíocht – thug comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin cuairt ar 100 stáisiún vótála in 26 contae ar fud na hÉireann. Bhí cuairt ar oileán amach ón gcósta, Inis Oírr, i measc ár gcuairteanna; bhí Inis Oírr ar cheann de na cúig cheantar Gaeltachta ar tugadh cuairt orthu ar lá na vótála. Anois, de bharr Chuid 8 den reachtaíocht toghcháin leasaithe, an *tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, foráiltear sa reachtaíocht toghcháin go mbíonn an vótáil ar na 19 n-oileán ar a bhfuil stáisiúin vótála ar siúl ar an lá céanna leis an gcuid eile den tír. Ba é cuspóir ár 100 cuairt breathnú ar an vótáil agus tabhairt faoi mheasúnuithe dírithe ar na stáisiúin vótála, chun go mbeadh forléargas againn ar na nósanna imeachta agus dálaí vótála. Roghnaíodh stáisiúin vótála de réir critéir shonracha (tá tuilleadh eolais in Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin lch 19) chun a chinntiú gur tugadh cuairt ar chineálacha éagsúla stáisiún difriúil – idir thuaithe agus uirbeach, bheag agus mhór, agus i gceantair ina raibh leibhéil éagsúla sa líon daoine a vótáil roimhe sin.









Ba é seo an chéad uair dúinn PEER a dhéanamh le haghaidh toghcháin – Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa i dtrí thoghlach, toghchán do 31 údarás áitiúil agus an chéad toghchán do Mhéara dírthofa Luimnigh. D’eascair roinnt difríochta as sin i gcomparáid leis an PEER don dá reifreann a bhí ar siúl i mí an Mhárta 2024. Mar sin féin, bhí cuspóirí na gcuairteanna sin mar an gcéanna le cuspóirí PEER an Mhárta – chun gnéithe dearfacha d’eispéireas vótála na hÉireann a shainaithint, ach freisin chun aird a tharraingt ar réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú, go háirithe i dtaobh inrochtaineachta (ar fócas tábhachtach í de na forálacha reachtacha i leith PEERanna) agus rannpháirteachas a fheabhsú.

Mar a tharla inár mbreathnóireachtaí le haghaidh PEER an Mhárta, ba iad na príomhréimsí imní a chonaic ár bhfoirne breathnóireachta PEER na bacainní fisiciúla ar nós stáisiúin vótála neamh-inrochtana, agus na hábhair a úsáideadh sna stáisiúin vótála, ar nós bothanna vótála, rampaí cathaoireacha rothaí agus póstaer. Go gairid i ndiaidh PEER an Mhárta, scríobh an Coimisiún chuig cinn chomhairimh agus chuig an Aire freagrach (an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) ag tabhairt breac-chuntas ar thorthaí an athbhreithnithe, chun deis a thabhairt aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí nuair ab fhéidir. Ba léir dúinn i mí an Mheithimh 2024 go raibh cinn chomhairimh tar éis réimsí feabhsúcháin a sainaithníodh in PEER an Mhárta a thabhairt dá n-aire agus go ndearnadh roinnt iarrachtaí iad a leigheas faoi lá na vótála i mí an Mheithimh. Ar ndóigh, ba bheag seans go leigheasfaí fadhbanna móra struchtúrtha nó iad siúd óna dteastaíonn níos mó ná maoiniú beag sa tréimhse ghearr idir imeachtaí toghcháin mhí an Mhárta agus mhí an Mheithimh.

I bhfianaise na mbreathnóireachtaí díomácha in PEER an Mhárta faoi na saoráidí a bhí i bhfeidhm d’úsáideoirí cathaoireacha rothaí, rinne ár bhfoirne breathnóireachta i mí an Mheithimh measúnú ar infhaighteacht rampaí cathaoireacha rothaí sna stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu.

Bhí 22 stáisiún vótála as an 100 ar tugadh cuairt orthu ar fhógra inrochtaineachta roimhe seo a d’fhoilsigh ceann comhairimh nó sainaithníodh roimhe seo iad mar neamh-inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas i sonraí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cé gur ainmníodh formhór na stáisiún vótála sin mar neamh-inrochtana, i gcásanna áirithe bhí siad ar an bhfógra inrochtaineachta de bharr gur cuireadh socruithe inrochtaineachta athraithe i bhfeidhm, ar nós rampa sealadach a chur

i stáisiún vótála. Ag díriú ar an 78 stáisiún vótála eile nár sonraíodh go raibh fadhb iontu, shonraigh ár bhfoirne breathnóireachta go bhfuil bealaí isteach ag 21% nach bhfuil inrochtana go héasca le haghaidh rochtain neamhspleách úsáideoirí cathaoireacha rothaí, fadhbanna de bharr nach bhfuil rampaí ar fáil ina measc. Meath é sin ar an méid a feiceadh in PEER an Mhárta, tráth ar measadh go raibh 16% den chatagóir chéanna stáisiún vótála deacair le rochtain ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála. Ba cheart a aithint nach bhfuair cinn chomhairimh cistí tiomanta chun tacú le haon obair athchóirithe le haghaidh na bhfoirgneamh a ainmníonn siad mar stáisiúin vótála. San cásanna inar mheas ár bhfoirne breathnóireachta go raibh rampaí cathaoireacha rothaí ag teastáil chun dul isteach i bhfoirgneamh, ní raibh siad ar fáil in 29 as 100 stáisiún vótála. Tá an Coimisiún go láidir den tuairim gur riachtanas bunúsach iad rampaí cathaoireacha rothaí nach bhfuil costasach ná anásta agus gur cheart go mbeidís ar fáil aon áit a dteastaíonn siad.

Bhí coinne leis go bhféadfadh go n-eascródh torthaí difriúla as cineálacha difriúla imeachtaí toghcháin, agus bíonn tréithe imeachtaí toghcháin ina mbíonn iarrthóirí an-difriúil le himeachtaí reifrinn. Dá bhrí sin, ní haon ionadh gur tháinig deacrachtaí nua chun cinn i dtoghcháin mhí an Mheithimh, ar nós canbhasáil laistigh de limistéir stáisiún vótála[1] agus príobháideachas toghthóirí[2].




Tháinig foirne breathnóireachta PEER ar phóstaeir nó bileoga toghcháin laistigh de 50 méadar den chúirtealáiste in os cionn aon cheathrú de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu (26 as 100). Is cion toghcháin é ábhar canbhasála a bheith chomh gar sin do stáisiúin vótála. Ach d'fhág ár gcuid fiosrúchán go bhfuilimid den tuairim go bhfuil easpa soiléire agus neamhsheasmhachta i dtaobh cé atá freagrach as póstaeir a bhaint agus na rialacha a chur i bhfeidhm.




Cuireann údarás áitiúil amháin, mar shampla, foireann amach i bhfeithiclí comhairle chun póstaeir a chreidtear atá ag sárú na rialachán a bhaint. Cuirtear an-fháilte roimh an gcur chuige réamhghníomhach a thuigtear dúinn a úsáideann roinnt cinn chomhairimh, údaráis áitiúla agus iarrthóirí i leith na sáruithe sin. Measann an Coimisiún ní hamháin go bhfuil póstaeir, bileoga agus canbhasáil laistigh den limistéar coiscthe ag sárú an dlí, ach go bhfuil siad ag teacht salach freisin ar éiteas timpeallachta toghcháin chóir. Anuas air sin, i gcomhthéacs na hÉireann inar féidir toghcháin a bhuachan agus a chailleadh le líon beag vótaí, d'fhéadfadh toradh ábhartha eascairt as na sáruithe sin. Leanfaimid i mbun monatóireachta ar shuíomh na n-ábhar toghcháin san olltoghchán atá ag teannadh linn.

I mí an Mhárta, ní fhacthas aon deacracht le rúndacht na mbothanna, nó urranna, ach i 10% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i mí an Mheithimh, níor mheas ár bhfoirne breathnóireachta gur fhág na hurranna vótála go bhféadfadh toghthóirí vóta a chaitheamh go rúnda. D'fhéadfadh go raibh an difríocht sin le brath idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh mar gheall ar na páipéir bhallóide an-fhada.

Mar a tharla i mí an Mhárta, thug na foirne toghcháin an-chabhair agus fáilte dár bhfoirne ar an iomlán, agus bhí a n-obair chrua agus a dtiomantas an-soiléir. Ach diúltaíodh cead isteach i stáisiún vótála do bheirt bhreathnóirí ón gCoimisiún ar an drochuair, agus tugadh deis shrianta dóibh



breathnú ar an vótáil i gcás eile. Tharla an méid sin d'ainneoin gur luadh sa treoir a eisíodh do na hoifigigh cheannais roimh lá na vótála i mí an Mheithimh go bhféadfadh foirne breathnóireachta ón gCoimisiún a bheith i láthair ar an lá. Faigheann foirne breathnóireachta an Choimisiúin oiliúint de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta, agus tugtar ordú diongbháilte dóibh gan cur isteach ná bac a chur ar bhealach ar bith ar an bpróiseas toghcháin nó vótála. Ní léir aon údar loighciúil dúinn cosc a chur ar ár bhfoirne breathnóireachta tabhairt faoin mbreathnóireacht.

I bhfianaise na n-eachtraí ar leith sin, luaimid arís agus leagaimid béim ar na moltaí i dtuarascáil PEER an Mhárta: – go ndéanfaí bearta chun *"reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin ar stáisiúin vótála agus ionaid comhairimh le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad"* – agus chun *"oiliúint chaighdeánach a chur ar na baill foirne ar fad"*.

Ar an iomlán, léiríonn na conclúidí in PEER an Mheithimh seo an gá le hathbhreithniú agus nuachóiriú a dhéanamh ar shaoráidí sna stáisiúin vótála, a bheith níos airdeallaí i dtaobh na bpóstaer agus na mbileog i limistéir na stáisiún vótála, chomh maith le béim ar oiliúint na foirne toghcháin.

Is iad seo a leanas na moltaí a easraíonn as ár mbreathnóireachtaí i stáisiúin vótála ar an 7 Meitheamh 2024:

### Moltaí PEER an Mheithimh

- A chinntiú go bhfuil rampaí cathaoireacha rothaí ar fáil áit ar bith a dteastaíonn siad de bharr na ndálaí fisiciúla ag stáisiún vótála, agus go bhfuil comharthaí soiléire ann le haghaidh na mbealaí isteach ar fad atá inrochtana do chathaoireacha rothaí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir agus ar na hábhair atá ar fáil le haghaidh vótálaithe atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid na línte cabhrach saorghlao le haghaidh toghthóirí atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc (i ndiaidh a sheiceáil go bhfuil na línte cabhrach réidh le húsáid go cinnte).
- Eolas agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil chun feasacht a mhéadú i measc toghthóirí faoi mhíchumas ar an bhféidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil.
- I bhfianaise na leasuithe a tugadh isteach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, feasacht a mhéadú i measc toghthóirí ar a bhfuil riochtaí meabhairshláinte agus ina measc siúd a chónaíonn i saoráidí meabhairshláinte den fhéidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as an bpostvótáil agus as vóta speisialta.



## 3. Raon Feidhme PEERanna

Tá raon feidhme PEER in ann a bheith fadréimseach. Tá go leor gnéithe éagsúla ag baint le riar imeachta toghcháin a bhféadfaí iad a scrúdú, ina measc na socruithe roimh lá na vótála le haghaidh clárú vótálaithe, riar vótála speisialta, postvótála agus mar sin de. Fiú i ndiaidh don vótáil críochnú, tá an iliomad cúram i gceist, ar nós coinneáil agus iompar sábháilte na bpáipéar ballóide ó na stáisiúin vótála go dtí na hionaid riaracháin agus chomhairimh, roinnt na bpáipéar ballóide nuair atá cúpla imeacht toghcháin ar bun, fíorú na gcuntas páipéir bhallóide, comhaireamh na vótaí agus fógairt na dtorthaí.

I dtéarmaí tógáil ar an taithí a fuarthas ó PEER an Mhárta, ba iad cuspóirí PEER an Mheithimh:

- athbhreithniú a dhéanamh ar stáisiúin vótála nár tugadh cuairt orthu roimhe sin chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht, a n-inrochtaineacht agus ar an eispéireas vótála trí chéile iontu.
- athchuairt a thabhairt ar roinnt stáisiúin vótála a sainaithníodh roimhe sin go raibh deacrachtaí iontu chun a mheasúnú an bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh iontu.
- deacrachtaí nua agus breise a shainaithint a d'fhéadfadh tarlú i gcomhthéacs cineálacha difriúla imeachtaí toghcháin, ina mbeadh an iliomad páipéir bhallóide, iarrthóirí, ábhar bolscaireachta agus mar sin de.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lean an Coimisiún na nósanna imeachta a glacadh i mí an Mhárta, leis na hathruithe a theastaigh. Cloíodh leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, mar ar thug foirne breathnóireachta ina raibh beirt bhreathnóirí cuairt ar 100 stáisiún vótála sa 26 contae. Thug na cuairteanna sin le chéile cleachtais breathnóireachta toghcháin le seiceálacha sonracha i dtaobh chomhlíonadh alt 68(3) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* – an cúnamh a thug oifigigh cheannais agus cinn chomhairimh do thoghthóirí, toghthóirí faoi mhíchumas go háirithe.

Bhí raon na gceisteanna a scrúdaíodh bunaithe ar na forálacha reachtacha ábhartha ina bhfuil na príomhfhorálacha i leith inrochtaineacht toghthóirí: *an tAcht Toghcháin, 1992*, *na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995* agus *an tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997* chomh maith leis *an Acht Toghcháin (Leasú), 1996*. Is acmhainn an-áisiúil iad na treoirleabhair a eisíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do na hoifigigh cheannais agus na cinn chomhairimh freisin, agus cuirtear an-fháilte roimh thiomantas na Roinne iad sin a fhoilsiú[3] de réir mholadh PEER an Mhárta.





# 4. Freastal agus Breathnóireacht na nImeachtaí Toghcháin

Anuas ar an bhforáil reachtúil in alt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* ina bhforáiltear le haghaidh ullmhú agus fhoilsiú PEERanna, foráiltear le halt 30(2) den Acht:

> *“Beidh ag an gCoimisiún na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.”*

Chun cur leis na forálacha reachtacha sin atá san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022,* mhol an Choimisiún i dtuarascáil PEER an Mhárta dá chuid go mbeadh foráil reachtúil shainráite ann le haghaidh fhreastal ár bhfoirne agus ár gcomhaltaí ar stáisiúin vótála agus ar ionaid comhairimh. Luann an Coimisiún arís eile an gá atá leis an bhforáil sin roimh an gcéad imeacht toghcháin eile.

Idir an dá linn, fáiltíonn an Coimisiún go ndearnadh tagairt den chéad uair do fhreastal chomhaltaí agus bhaill foirne an Choimisiúin ar stáisiúin vótála ar lá na vótála sa lámhleabhar le haghaidh Oifigigh Cheannais sna Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, agus na Toghcháin Áitiúla agus Toghcháin Mhéara Luimnigh:










> **2.3 Daoine atá ceadaithe a bheith i láthair ag stáisiúin vótála**
>
> *“Féadfaidh comhalta den Choimisiún Toghcháin nó a bhaill foirne a theacht i láthair ag an stáisiún vótála mar bhreathnóirí, mar chuid dá gcuid oibre in iniúchadh i ndiaidh imeacht toghcháin a chur i dtoll a chéile faoi cheisteanna áirithe (mar shampla, cúnamh a thugtar sa stáisiún vótála do vótálaithe ag a bhfuil lagú amhairc, éagumas fisiciúil nó neamhábaltacht léamh nó scríobh atá chomh dian sin nach féidir leo vóta a chaitheamh gan chúnamh). Ba cheart duit a gcruthúnas aitheantais a sheiceáil chun a gcéannacht a chinntiú duit féin.”*

D’fhreastail comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin ar na himeachtaí roinnte agus bailithe le haghaidh na bpáipéar ballóide freisin, agus bhí siad i láthair i gcáil breathnóirí ag ionaid comhairimh i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Laois, Cill Mhantáin, an Mhí agus Maigh Eo sna laethanta i ndiaidh an 7 Meitheamh 2024. Sna cásanna sin ar fad, d’iarr an Coimisiún cead i scríbhinn ó na cinn chomhairimh ábhartha roimh ré, agus eisíodh pasanna údaraithe ina dhiaidh sin a bronnadh ar chomhaltaí agus foireann an Choimisiúin nuair a chuaigh siad isteach ina suíomhanna ar leith. Is mór againn comhar na gceann comhairimh i dtaobh éascaíocht a dhéanamh ar ár bhfreastal ar na hionaid comhairimh agus cúnamh a thabhairt ar an láthair.

Cé go ndírítear ar go leor gnéithe den vótáil agus de thogháin i rith ár gcuairteanna ar stáisiúin vótála agus sna sonraí a bhailímid mar chuid de NEDS (féach an rannóg Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) lch 43), tá sé riachtanach go gcuimseofaí agus go ngabhfaí dearcthaí vótálaithe i bpróiseas PEER, vótálaithe faoi mhíchumas ina measc. Tá sé i gceist againn an fócas sin a leathnú mar chuid de PEER an Olltoghcháin, ach idir an dá linn bhailíomar an t-aiseolas seo a leanas ó vótálaithe i ndiaidh thoghcháin mhí an Mheithimh.

# 5. Taithí Vótálaithe

**Luimneach**

*"Bainim úsáid as cathaoir rothaí agus níl aon bhothán ina bhfuil bord íseal is féidir liom a úsáid ag m'ionad vótála a bhíonn i mbunscoil. Bhí orm mo vóta a chaitheamh ag bord in aice leis an doras isteach go dtí an seomra ranga, áit a bhféadfadh aon duine mo roghanna a fheiceáil agus iad ag dul isteach.*

*Teastaíonn soláthar éigeantach de bhotháin ísle ag gach ionad chun a chinntiú go dtugtar príobháideachas do vótálaithe faoi mhíchumas, mar a bhíonn ag gach duine eile."*

**Sligeach**

*"Tá mé díreach tar éis mo vóta a chaitheamh ag scoil áitiúil. Chaith mé vóta ansin go minic, agus bhraith mé míchompordach leis na socruithe ann i gcónaí. Fágann leagan amach an tseomra go bhfuil léargas soiléir ag an bhfoireann ar an té atá ag vótáil. Ní theastódh ach athrú simplí ar an leagan amach, is é sin na boird ar fad a chur ag taobh amháin den seomra agus na bothanna ar fad sa spás eile, chun cabhrú go mór leis an bpríobháideachas.*

*Vótáil mé inniu, ach, ar an drochuair, caithfidh mé m'imní faoi na socruithe, agus bothán vótála amháin go sonrach, a tharraingt anuas."*

**Gaillimh**

*"I ndiaidh dom mo chruthúnas aitheantais a thaispeáint, seoladh chuig an mbothán vótála mé. Ní bothán vótála a bhí ann. Ba dheasc scoile do pháiste a bhí ann, amach leis féin gan aon phríobháideachas ná iarracht príobháideachas a sholáthar, agus suite ar dheis ó dhoras oscailte inmheánach.*

*Ar dtús, cheap mé ar a laghad nach n-úsáidfeadh aon duine an doras sin. Bhí dul amú orm. Tháinig ceathrar ar a laghad thar mo dheasc, agus iad ag dul isteach nó amach as an seomra. Ní raibh sé príobháideach. Ba cheart go mbeadh mo vóta príobháideach. Níor airigh mé compordach, agus baineadh m'intinn den vótáil agus mé ag iarraidh mo bhileog a chlúdach seasta."*



**Gaillimh**

*"Cé a chinneann na hionaid vótála? Tá mise i gCathair na Gaillimhe Láir agus bhí m'ionad go hiomlán mí-oiriúnach do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ba bheag nár fíorbhacainn é do dhaoine chun vóta a chaitheamh i ndáiríre. Tá cúpla ionad poiblí a bheadh i bhfad níos inrochtana an-ghar don cheann atá in úsáid."*




**Corcaigh**

*"Bhog mé le deireanaí go dtí an Cóbh, Co. Chorcaí. Fuair mé cárta vótaíochta a threoraigh mé go dtí "Town Hall, Cobh" mar m'ionad vótála. Mar sin chuardaigh mé "Town Hall, Cobh" ar Google Maps. Ar an drochuair, níl aon fhoirgneamh sa Chóbh ar a bhfuil an t-ainm sin. Fuair mé amach ar deireadh go bhfuil an stáisiún vótála in Oifig Cheantar Bardasach an Chóibh atá i dTeach na Carraige. Ní raibh aon chuid den eolas sin ar fáil don phobal go bhfios dom.*

*Bhí an chomharthaíocht ar an mbealach go dtí an t-ionad vótála an-dona freisin. Bhí comhartha amháin chun tosaigh ar fad ar an bhfoirgneamh, agus ní raibh aon chomhartha ag an mbealach isteach chuig an gcarrchlós, dada a threoródh lucht vótála chuig an ionad vótála. Chaith mé vóta i gceantar eile ina mbíodh comharthaíocht ag geata an ionaid."*

Léiríonn na haighneachtaí sin a fuarthas ón bpobal ar ár gcainéil ríomhphost cuid de thaithí na vótálaithe ar thoghcháin mhí an Mheithimh, agus is mór an chabhair iad don Choimisiún agus é ag sainaithint réimsí tosaíochta agus rannpháirtíochta ina chlár oibre. Tá sé i gceist againn leanúint leo agus cuairt a thabhairt ar roinnt de na stáisiúin vótála ar tharraing an pobal ábhar imní anuas ina leith sa chéad PEER eile. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún tuilleadh aiseolais dá leithéid a lorg go réamhghníomhach amach anseo freisin. Chonaiceamar samplaí dea-chleachtais an-suntasach sna contaetha sin freisin agus lasmuigh díobh, agus cuirfear béim faoi leith ar chuid díobh siúd a thaifeadadh le haghaidh Thuarascáil PEER an Olltoghcháin.

# 6. Seicliosta PEER

Déantar ár measúnuithe ar stáisiúin vótála le Seicliosta PEER.

Forbraíodh Seicliosta PEER (cáipéis teimpléid a úsáidtear chun sonraí agus breathnóireachtaí a thaifeadadh) mar an phríomhuirlis chun sonraí a ghabháil den chéad uair le haghaidh na gcuairteanna ar stáisiúin vótála i mí an Mhárta 2024. Léirítear ann an dea-chleachtas idirnáisiúnta i leith breathnóireacht toghcháin, agus tagairt faoi leith d'acmhainní ar nós na Foirme Tuairiscithe ar Bhreathnóireacht Vótála[4], Election Monitoring Handbook[5] agus ábhair oiliúna[6] ó ESCE.

> ***"Ba cheart go mbeadh rochtain éifeachtach agus éasca ag gach vótálaí, iad siúd atá faoi mhíchumas ina measc, ar stáisiúin vótála nó ar nósanna imeachta vótála eile"***
> OSCE Election Observation Handbook, An séú heagrán, 2010.

## Seicliosta Athbhreithnithe PEER an Mheithimh

Rinneadh Seicliosta PEER le haghaidh mhí an Mheithimh 2024 a bheachtú agus a fheabhsú bunaithe ar ár dtaithí i mí an Mhárta. Ach choinnigh sé na cuspóirí céanna – scrúdú a dhéanamh ar inrochtaineacht an stáisiúin vótála, idir an limistéar máguaird agus taobh istigh den ionad, agus measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht na bpríomhábhar agus cúnaimh chun vóta a chaitheamh.

Bhain foireann PEER leas freisin as na lámhleabhair treorach a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do chinn chomhairimh agus d'fhoirne toghcháin chun tagairtí áirithe i Seicliosta PEER a sheiceáil nó a leasú (ar nós an liosta ábhar a theastaíonn i stáisiún vótála, a d'fhéadfadh athrú ag brath ar an imeacht toghcháin atá i gceist).

Rinneadh roinnt athbhreithnithe tábhachtacha ar Sheicliosta PEER, ina measc ceisteanna ar na réimsí seo a leanas:

### Úsáideoirí cathaoireacha rothaí

Leasaíodh na ceisteanna faoi úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar Sheicliosta PEER, go príomha chun a thaifeadadh an raibh rampaí le haghaidh cathaoireacha rothaí le feiceáil nó ar fáil i stáisiúin vótála inar theastaigh rampaí mar gheall ar dhálaí fisiciúla sa stáisiún vótála. Iarradh ar fhoirne breathnóireachta PEER freisin a shonrú an raibh comhartha ann a léirigh go raibh bealach isteach inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí.

Cuireann an Coimisiún in iúl arís an seasamh a phléitear i dtuarascáil PEER an Mhárta nach saineolaithe iad a bhaill foirne agus a chomhaltaí ina gcáil breathnóra, agus nach dtugtar sonraí ár mbreathnóireachta sna PEERanna seo ar bhonn measúnú teicniúil gairmiúil.

### Vótálaithe ar a bhfuil lagú amhairc

Cuireadh ceisteanna nua le Seicliosta PEER. Bhain an chéad cheann le Fógraí i gCló Mór faoi na páipéir bhallóide. (B'eol don Choimisiún nár dáileadh Fógraí i gCló Mór ar an bhfoireann toghcháin lena dtaispeáint i rith reifrinn mhí an Mhárta agus dheimhnigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina dhiaidh sin go gcuirfí Fógraí i gClÓ Mór ar fáil do thoghcháin mhí an Mheithimh.) Anuas ar a thaifeadadh an raibh Teimpléid Páipéir Ballóide ar fáil, cuireadh ceist nua faoi aon deacrachtaí a chonacthas i gcás toghthóirí a d'úsáid teimpléid páipéir ballóide. D'iarr ceist eile an bhfacthas aon toghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu ag úsáid na saoráide 'Saorghlao' chun cabhrú leo vóta a chaitheamh (féach Cás-staidéar a Dó).

### Comharthaíocht

Leasaíodh an cheist faoin gcomharthaíocht ar Sheicliosta PEER an Mhárta, agus roinneadh ina dhá cheist ar leith faoi chomharthaíocht í: ceist amháin a d'iarr an raibh "treochomharthaíocht chuig an áit vótála ar an mbealach chuige" agus ceist eile inar díríodh ar an gcomharthaíocht a bhí le feiceáil ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála.

### Leagan Amach

Leasaíodh an cheist faoin leagan amach ar Sheicliosta PEER an Mhárta, agus roinneadh ina dhá cheist ar leith faoi leagan amach í: ceist amháin a d'iarr an raibh an leagan amach fabhrach do shlándáil an bhosca ballóide agus ceist eile inar díríodh ar an leagan amach a bheith fabhrach do rúndacht an phróisis vótála.

Leagtar amach thíos Seicliosta athbhreithnithe iomlán PEER an Mheithimh.

| | |
|---|---|
| **CUID A: An Fhoireann Breathnóireachta** | |
| A1. Uimhir na Foirne | ☐ |
| A2. Am Sroichte | ☐ |
| A3. Am Fágála | ☐ |
| **CUID B: Aithint na hÁite Vótála** | |
| B1. Ainm na hÁite Vótála | ☐ |
| B2. Uimhir an Stáisiúin Vótála | ☐ |
| B3. Líon na Stáisiún Vótála | ☐ |
| B4. Oifigeach Ceannais na hÁite Vótála | ☐ |
| B5. Áit Vótála – Critéir Roghnúcháin | ☐ Míchumas ☐ Athchuairt ☐ Toghthóirí E ☐ Toghthóirí L ☐ Lucht Siúil ☐ Tír. |

| | |
|---|---|
| **CUID C: Seicliosta Oscailte \| Le comhlánú má bhíothas i láthair ag an oscailt, agus sa chás sin amháin** | |
| C1. **Am** \| An raibh an áit vótála ar oscailt don vótáil ag an am ceaptha, 07:00? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| C2.1 **Bosca Ballóide** \| Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide folamh dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte? | Taispeánadh ☐<br>Níor taispeánadh ☐ |
| C2.2 **Bosca Ballóide** \| Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide séalaithe go slán dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte? | Taispeánadh ☐<br>Níor taispeánadh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |

| CUID D: Seicliosta Lasmuigh | | |
|---|---|---|
| D1.1 **Comharthaíocht** \| An bhfuil treochomharthaíocht chuig an áit vótála ar an mbealach chuige? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| D1.2 **Comharthaíocht** \| An bhfuil fógra oifigiúil a thug "áit vótála" le fios ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig an áit vótála? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| D2.1 **Canbhasáil** \| An bhfuil aon phóstaeir toghcháin le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste na háite vótála? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| D2.2 **Canbhasáil** \| An bhfuil aon chineálacha eile canbhasála, m.sh. bileoga eolais, le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste na háite vótála? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| D3.1 **Páirceáil** \| An bhfuil saoráidí páirceála sách maith ann? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| D3.2 **Páirceáil** \| An bhfuil páirceáil inrochtana ainmnithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas gar do phríomhbhealach isteach na háite vótála do choisithe? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |

| CUID E: Seicliosta Laistigh | | |
|---|---|---|
| E1.1 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach san áit vótála sách maith chun an vóta a reáchtáil m.sh. dóthain spáis, dóthain soilse, srl.? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| E1.2 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach san áit vótála ar tugadh cuairt uirthi intuigthe agus fabhrach do ghluaiseacht an phróisis vótála, m.sh. bealach isteach, aitheantas, vótáil, bealach amach? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| E1.3 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach san áit vótála fabhrach do shlándáil an bhosca ballóide (spás poiblí)? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| E1.4 **Leagan amach** \| An bhfuil an leagan amach san áit vótála fabhrach do rúndacht an phróisis vótála (spás príobháideach)? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| E2. **Cúrsaí Foirne** \| An bhfuil an fhoireann san áit vótála inaitheanta agus suite i limistéir ina bhfuil siad le feiceáil ag na toghthóirí? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| E3.1 **Éigeandáil** \| An bhfuil bealaí éalaithe éigeandála san áit vótála? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| E3.1 **Éigeandáil** \| An bhfuil comharthaíocht ag gabháil leis na bealaí éalaithe éigeandála? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| E4.1 **Póstaeir** \| An bhfuil na póstaeir maidir le *Cionta Toghcháin agus Fianaise ar Chéannacht* ar taispeáint? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| E4.2 **Póstaeir** \| An bhfuil *Fógra i gCló Mór faoi Pháipéar Ballóide* ar taispeáint? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| E5. **Ábhair** \| An bhfuil aon chuid de na hábhair toghcháin riachtanacha in easnamh ón stáisiún vótála? | Tá ☐ | Níl ☐ |



| → Má tá, sonraigh le do thoil: |
|---|
| Boscaí Ballóide ☐ Páipéir Bhallóide ☐ Teimpléid Páipéir Ballóide ☐ Clár na dToghthóirí ☐ Liosta Forlíontach ☐ Uirlis Stampála ☐ Treoir do Chinn Chomhairimh ☐ Pinn/Pinn Luaidhe |
| → Nótaí tráchta: |

| CUID F: Seicliosta na Nósanna Imeachta Vótála | | |
|---|---|---|
| F1. **Aitheantas** \| Ar iarradh ar aon toghthóirí cruthúnas aitheantais a thaispeáint nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh le linn an athbhreithnithe? [Neamhéigeantach] | Iarradh ☐ | Níor iarradh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| F2.1 **Páipéar Ballóide** \| Ar stampáladh páipéir bhallóide leis an marc oifigiúil nuair a tugadh do thoghthóirí iad? | Stampáladh ☐ | Níor stampáladh ☐ |
| F2.2 **Páipéar Ballóide** \| Ar marcáladh ainmneacha na dtoghthóirí de Chlár na dToghthóirí nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh? | Marcáladh ☐ | Níor marcáladh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| F3.1 **Vótáil** \| An raibh na toghthóirí in ann vótáil faoi rún sna hurranna vótála? | Bhí ☐ | Ní raibh ☐ |
| F3.2 **Vótáil** \| An toghthóir amháin ag an am a bhí san urrann vótála, seachas má bhí compánach vótála ina dteannta? | Is ea ☐ | Ní hea ☐ |
| F3.4 **Vótáil** \| An bhfacthas aon toghthóirí ag tógáil 'féiníní' nó aon chineál eile grianghrafadóireachta a bhfuil cosc air? | Chonacthas ☐ | Ní fhacthas ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |

| CUID G: Seicliosta na Vótálaithe faoi Mhíchumas | | |
|---|---|---|
| G1.1 **Guaiseacha** \| An bhfuil aon chéimeanna nó fánaí géara lasmuigh den áit vótála? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| G1.2 **Guaiseacha** \| An bhfuil aon ghuaiseacha nó constaicí le feiceáil ar an mbealach siúil chuig an áit vótála? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| G2. **Leagan Amach** \| An bhfuil an leagan amach feiliúnach do thoghthóirí faoi mhíchumas fisiciúil m.sh. bealaí isteach, pasáistí, urranna vótála, srl.? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | | |
| G3.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí** \| An bhfuil na príomhbhealaí isteach agus amach chuig an áit vótála inrochtana tríd is tríd d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| G3.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí** \| An bhfuil comhartha ann a léiríonn go bhfuil bealach isteach inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| G3.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí** \| An bhfuil aon bhealach isteach eile ar fáil atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| G3.4 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí** \| An bhfuil rampa cathaoireacha rothaí ar fáil? | Tá ☐ | Níl ☐ |

| | |
|---|---|
| G3.5 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí** \| An bhfuil an taobh istigh inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i dtéarmaí leagan amach m.sh. spás casta agus easpa constaicí? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G3.6 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí** \| An bhfuil an taobh istigh inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i dtéarmaí vótála m.sh. inrochtaineacht an bhosca ballóide? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G4.1 **Lagú Amhairc** \| An bhfuil Teimpléid Páipéir Ballóide ar fáil do thoghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu? | Tá ☐ Níl ☐ |
| G4.2 **Lagú Amhairc** \| An bhfacthas aon deacrachtaí le húsáid na dTeimpléad Páipéir Ballóide m.sh. toisí a d'fhág go raibh sé deacair iad a úsáid? | Chonacthas ☐<br>Ní fhacthas ☐ |
| G4.3 **Lagú Amhairc** \| An bhfacthas aon toghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu ag úsáid na saoráide 'Saorghlao' chun cabhrú leo vóta a chaitheamh? | Chonacthas ☐<br>Ní fhacthas ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G5. **Bodhar/Allaíre** \| An bhfuil aon saoráidí ann chun cabhrú leo siúd atá Bodhar/faoi Allaíre ag a bhfuil lagú éisteachta m.sh. Córas na Lúibe (córas fuaime) le haghaidh áiseanna éisteachta? | Tá ☐ Níl ☐ |
| → Má tá, tabhair sonraíle do thoil: | |
| G6. **Míchumas Neamhfhisiciúla** \| An bhfaca tú aon toghthóirí faoi mhíchumas intleachta, foghlama, céadfach nó forbartha ag fáil cúnamh ón bhfoireann vótála? | Chonacthas ☐<br>Ní fhaca ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |
| G7.1 **Compánach Vótála** \| An raibh vótáil le cúnamh ó chompánach vótála le feiceáil? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| G7.2 **Compánach Vótála** \| Má bhí, ar eisigh an tOifigeach Ceannais an mionn nó dearbhasc don chompánach vótála? | D'eisigh ☐<br>Níor eisigh ☐ |
| → Má bhí agus/ nó má d'eisigh: | |

**CUID H: Daoine i Láthair**

H1. **Foireann na hÁite Vótála** | Tabhair cuntas ar an bhfoireann a bhí san áit vótála le linn an athbhreithnithe:

| An Fhoireann | I láthair | Líon Foirne i Láthair |
|---|---|---|
| Oifigeach Ceannais | ☐ | ______ |
| Oifigeach Ceannais Maoirseachta | ☐ | ______ |
| Cléirigh Vótála | ☐ | ______ |

→ Nótaí tráchta:

| | |
|---|---|
| H2.1 **Daoine Údaraithe** \| An raibh gníomhairí pearsanaíochta i láthair san áit vótála le linn an athbhreithnithe? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| → Má bhí, tabhair sonraí ledo thoil: | |
| H2.2 **Daoine Údaraithe** \| An raibh aon fhadhbanna le daoine neamhúdaraithe a bhí i láthair san áit vótála le linn an athbhreithnithe seo? | Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| → Nótaí tráchta: | |



## Achoimre ar an gcur chuige:

- Eisíodh an Seicliosta PEER deiridh do na 17 bhfoireann breathnóireachta PEER. Bhí beirt ar gach foireann, agus sannadh stáisiúin vótála le cuairt a thabhairt orthu le chéile ar gach foireann. Roghnaíodh na stáisiúin vótála de réir critéir shonracha (féach Stáisiúin Vótála – Critéir Roghnúcháin, lch 19).
- Ordaíodh do gach foireann idir 20 agus 30 nóiméad a chaitheamh ag gach stáisiún vótála.
- Chomhlánaigh gach foireann breathnóireachta PEER Foirm Seicliosta PEER ag gach stáisiún vótála.
- Seoladh na Seicliostaí PEER comhlánaithe ar ais chuig foireann tacaíochta PEER an Choimisiúin ansin chun na sonraí a chomhthiomsú agus a anailísiú.



# 7. Stáisiún Vótála – Critéir Roghnúcháin

Baineadh leas as 5,821 stáisiún vótála le haghaidh thoghcháin mhí an Mheithimh 2024[7]. Roghnaíodh 100 díobh sin chun cuairt a thabhairt orthu le haghaidh PEER an Mheithimh. Measadh go raibh an líon sin dóthanach chun meastóireacht a dhéanamh ar stáisiúin vótála lenar bhain tréithe difriúla ar fud na tíre, ach gur líon réalaíoch a bhí ann freisin ó thaobh lóistíochta agus pleanála, i bhfianaise líon fhoireann agus chomhaltaí an Choimisiúin a bhí ar fáil le páirt a ghlacadh ann.

Roghnaíodh na stáisiúin vótála[8] bunaithe ar na critéir seo a leanas:

## 1. Athchuairt ar stáisiún vótála de dhíth

B'athchuairt ó mhí an Mhárta iad 15 den 100 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu ar an 7 Meitheamh 2024. Sainaithníodh iad sin mar spriocanna do chuairteanna leantacha mar gheall ar ábhar imní a shonraigh foirne breathnóireachta PEER i mí an Mhárta. Ainmníodh stáisiún vótála amháin eile le haghaidh athchuairte, ach chuir an ceann comhairimh stáisiún vótála nua ina áit idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh. Thug foireann breathnóireachta PEER cuairt ar an stáisiún vótála nua sin.

## 2a. Fógraí inrochtaineachta ón gceann comhairimh

Éilítear ar chinn chomhairimh fógraí a fhoilsiú ina sonraítear stáisiúin vótála neamh-inrochtana ina dtoghcheantair féin roimh imeacht toghcháin de réir alt 94 den *Acht Toghcháin, 1992* arna leasú le halt 3 den *Acht Toghcháin (Leasú), 1996*. Bhí stáisiúin vótála i gcuid de na fógraí a foilsíodh i mí an Mhárta nár sonraíodh roimhe sin mar neamh-inrochtana. Ach mar gheall ar an am a theastaíonn roimh ré chun pleanáil lóistíochta PEER a dhéanamh, ní raibh dóthain ama ann na stáisiúin vótála sin a






chur ar an liosta cuairteanna ar an 8 Márta. Ina áit sin, roghnaigh an Coimisiún iad le cuairt a thabhairt orthu i dtoghcháin mhí an Mheithimh.

Bhí 17 stáisiún vótála a dhearbhaigh cinn chomhairimh a bheith neamh-inrochtana le haghaidh reifrinn mhí an Mhárta nár tugadh cuairt orthu i mí an Mhárta, ach tugadh cuairt orthu ar an 7 Meitheamh 2024.

## 2b. Rannpháirtíocht an phobail

Fuair an Coimisiún aiseolas diúltach ón bpobal faoi shé stáisiún vótála ar leith a bhí in úsáid le haghaidh na reifreann i mí an Mhárta 2024. Measann an Coimisiún go bhfuil sé riachtanach go mbeadh próiseas PEER freagrúil d'aiseolas ón bpobal, agus go léireofaí aiseolas ón bpobal ann, go háirithe aiseolas ó dhaoine faoi mhíchumas. Roghnaíodh na stáisiúin vótála sin le cuairt a thabhairt orthu i mí an Mheithimh 2024 dá bharr sin.

## 3. Toghthóirí E agus L

Bíonn cohóirt dhifriúla toghthóirí i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin dhifriúla (mar a leagtar amach thíos) agus tá catagóirí vótálaithe a bhí i dteideal vóta a chaitheamh i mí an Mheithimh nach mbeidh i dteideal vótáil arís, mura dtagann athrú ar a stádas, go dtí na chéad toghcháin áitiúla agus Eorpacha eile. Measadh go raibh sé riachtanach mar sin taithí na vótálaithe sin, agus na dálaí vótála a bhí os a gcomhair, a ghabháil.

**Toghthóirí E**
Daoine atá os cionn 18 mbliana d'aois, agus nach saoránach Éireannach iad, ach a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus ar saoránaigh AE iad, féadfaidh siad clárú chun vótáil i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla (trí dhearbhú a shíniú chun vótáil dhúbailte i dtoghcháin Eorpacha a sheachaint). Sonraítear saoránaigh AE leis an litir 'E' ar Chlár na dToghthóirí.

**Toghthóirí L**
Féadfaidh daoine atá os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus ar saoránaigh iad de thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla. Sonraítear saoránaigh neamh-AE leis an litir 'L' ar Chlár na dToghthóirí.

Úsáideadh sonraí saoránachta agus cónaitheachta a bhailigh an Phríomh-Oifig Staidrimh mar chuid de Dhaonáireamh 2022 chun na Toghranna (TRanna) agus ionaid uirbeacha a shainaithint inar chónaigh an dlús is airde de thoghthóirí E agus L féideartha.

Cuimsíodh na fochatagóirí a leanas sa PEER seo:

- 3a: 15 TR leis an % Toghthóirí E is airde
- 3b: 14 TR leis an % Toghthóirí L is airde
- 3c: 3 TR leis an % Toghthóirí E & L is airde

## 4. TRanna leis an % toghthóirí Lucht Siúil is airde

Tá sonraí ar rannpháirteachas an Lucht Siúil in imeachtaí toghcháin in Éirinn teoranta. Ach tugtar le fios san fhianaise atá ar fáil gur fhulaing an pobal seo mar gheall ar ghannionadaíocht pholaitiúil agus easpa rannpháirtíochta sa pholaitíocht. In 2020, dúirt Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid go bhfuil *"idirdhealú, imeallú agus easpa ionadaíochta sa saol polaitiúil tar éis neamhshuim a chruthú i bheith rannpháirteach le cúrsaí polaitíochta i measc go leor daoine i bpobal an Lucht Siúil."*[9] Tá níos mó a fhoghlaim faoi thaithí toghcháin agus dhaonlathach grúpaí nach sroichtear i gceart agus atá faoi ghannionadaíocht ina phríomhthosaíocht ag an gCoimisiún, agus tá sé d'aidhm aige bearta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun rannpháirteachas sa pholaitíocht a mhéadú agus a fheabhsú. Trí leas a bhaint as sonraí Dhaonáireamh 2022, roghnaíodh ceantair ina raibh na daonraí Lucht Siúil is mó chun níos mó a fhoghlaim faoin taithí ar an vótáil sna ceantair sin.

## 5. Oileáin

Ba iad reifrinn mhí an Mhárta an chéad uair a chaith muintir oileáin uile na hÉireann vóta ar an lá céanna leis an mórthír. Mheas an Coimisiún go raibh sé tábhachtach taithí vótála na n-oileán a léiriú agus breathnú ar an gcaoi ar oibrigh vótáil ar an lá céanna i ndáiríre. Ar ndóigh, ní hionann cuairt ar oileán amháin (Inis Oírr, Co. na Gaillimhe) agus deis tátail a bhaint as taithí fhoriomlán na n-oileán, ach tá cumas vótálaithe na n-oileán feidhm a bhaint as a gceart vótála daonlathach ar an lá céanna le vótálaithe eile an-dearfach, agus fáiltíonn an Coimisiún roimhe.

## 6. Dáileadh tíreolaíoch

Mar a tharla i mí an Mhárta, thug an Coimisiún cuairt ar stáisiúin vótála i ngach contae, agus roghnaíodh níos mó stáisiún i lárionaid uirbeacha mhóra chun a ndlús daonra a léiriú.

Chinntigh an Coimisiún freisin gur roghnaíodh dóthain stáisiúin vótála i gCathair agus i gContae Luimnigh mar gheall go raibh toghchán do mhéara Luimnigh ar an lá céanna.

(Tá liosta iomlán de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu in Aguisín 2 faoi Stáisiúin Vótála PEER.)

# 8. Bealaí PEER

**Léarscáil 1. 17 stáisiún vótála a bhí ar fhógraí inrochtaineachta a d'eisigh cinn chomhairimh i reifrinn mhí an Mhárta 2024.**

| Eochair | |
|---|---|
| | Neamh-inrochtana |




© Rannpháirtithe OpenStreetMap

**Léarscáil 2. 32 stáisiún vótála a bhaineann le TRanna ina raibh an % réamh-mheasta is airde de thoghthóirí áitiúla agus Eorpacha mar a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022.**

| Eochair | |
|---|---|
| | Toghthóirí E |
| | Toghthóirí L |
| | Toghthóirí E & L |



**Léarscáil 3. 10 stáisiún vótála a bhaineann le TRanna ina raibh an % réamh-mheasta is airde de thoghthóirí Lucht Siúil mar a sainaithníodh i nDaonáireamh 2022.**

| Eochair | |
|---|---|
| (glas) | Toghthóirí Lucht Siúil |




**Léarscáil 4. An 100 stáisiún vótála ar thug an Coimisiún cuairt orthu ar an 7 Meitheamh 2024.**

| Eochair | |
|---|---|
| (gorm dorcha) | Neamh-inrochtana |
| (glas) | Toghthóirí Lucht Siúil |
| (gorm) | Toghthóirí E |
| (buí) | Toghthóirí L |
| (bándearg) | Toghthóirí E & L |
| (oráiste) | Tíreolaíoch |
| (teal) | Rannpháirtíocht/ Athchuairteanna |



## Radhairc ó bhealaí PEER










## Bealach an oileáin:



















## Léarscáil Bhaile Átha Cliath:

| Eochair | |
|---|---|
| | Toghthóirí L |
| | Tíreolaíoch |
| | Rannpháirtíocht/ Athchuairteanna |















## Bealaí PEER Eorpacha & áitiúla:



# 9. Anailís

Thug ár gcuairteanna ar 100 stáisiún vótála ar an 7 Meitheamh 2024 léargais nua ar nósanna imeachta agus dálaí vótála i stáisiúin vótála ar fud na tíre.

Ar an leibhéal náisiúnta, bhí na leibhéil treochomharthaíochta fós sách dona. Bhí fadhbanna fós le heaspa saoráidí páirceála i gceantair uirbeacha, líon róbheag spásanna páirceála sannta do thoghthóirí faoi mhíchumas, agus guaiseacha ar nós céimeanna agus bacainní ag bealaí isteach chuig foirgnimh ina raibh stáisiúin vótála.

## Na pointí is tábhachtaí:

Mar atá thuasluaite, ní saineolaithe iad baill foirne agus comhaltaí an Choimisiúin ina gcáil breathnóra, agus ní thugtar sonraí ár mbreathnóireachta sna PEERanna seo ar bhonn measúnú teicniúil gairmiúil.








## Úsáideoirí cathaoireacha rothaí

Tugtar breac-chuntas sa chás-staidéar a leanas ar an taithí a bhí ag úsáideoir cathaoireach rothaí amháin i stáisiún vótála i rith reifrinn mhí an Mhárta, agus an chuairt a thug ceann d’fhoirne breathnóireachta PEER dár gcuid ar an stáisiún vótála sin ar lá na vótála i mí an Mheithimh.

### Cás-staidéar a haon

**Úsáideoir Cathaoireach Rothaí, Droichead Átha, Co. Lú.**
Toghcháin Eorpacha agus Áitiúla, an 7 Meitheamh 2024.

Go gairid i ndiaidh reifrinn mhí an Mhárta, fuair an Coimisiún comhfhreagras ó Theachta Dála, inar sonraíodh ábhar imní a fuair sé ó dhuine ina dháilcheantar faoina thaithí vótála ag stáisiún vótála i nDroichead Átha, Co. Lú. B’úsáideoir cathaoireach rothaí an duine úd a tháinig chuig an stáisiún vótála a sannadh dó (a bhí suite i scoil) chun a vóta a chaitheamh agus mhínigh sé, cé go raibh an foirgneamh féin inrochtana, nach raibh na botháin vótála oiriúnach d’úsáideoir cathaoireach rothaí. Rinne an duine seo cur síos ar an gcaoi ar tugadh é chuig seomra ranga na naíonán sóisearach, a dhún an fhoireann vótála. B’éigean don vótálaí an páipéar ballóide a mharcáil ansin ag deasc a mheas sé a bheadh in úsáid ag páiste cúig bliana d’aois go hiondúil.

D’fhreagair an Coimisiún an Teachta Dála agus dúirt go raibh sé i gceist ag an gCoimisiún an stáisiún vótála seo a fhiosrú, agus d’aontaigh gur cheart do gach stáisiún vótála agus do gach bothán vótála an ceart chun vótáil le dínit a sholáthar do gach toghthóir. Scríobh an Coimisiún chuig an gceann comhairimh áitiúil do thoghcheantar Lú, ag tagairt don scoil a bhí i gceist agus an t-ábhar imní a tarraingíodh anuas. An 7 Meitheamh 2024, thug foireann breathnóireachta PEER cuairt ar an stáisiún vótála. Shonraigh an fhoireann go raibh treochomharthaíocht shoiléir ar fáil, ach de bharr a shuímh i mbaile Dhroichead Átha, go raibh teorainn leis an bpáirceáil a bhí ar fáil gar don stáisiún vótála. Ar an taobh amuigh, ní fhacthas aon ghuaiseacha ná bacainní follasacha a chuirfeadh bac ar vótálaithe faoi mhíchumas fisiciúil ná ar vótálaithe i gcathaoireacha rothaí. Maidir le taobh istigh/leagan amach an stáisiúin vótála, bhí dóthain spáis agus príobháideachais ann, agus bhí na lipéid/comharthaí cearta soiléire ar na limistéir ann. Bhí ceann de na limistéir beagán cúng, ach níor chosúil gur chuir sé sin isteach ar rochtain aon duine. Bhí bothán vótála a bheadh inrochtana do dhuine i gcathaoir rothaí, leis an mbosca ballóide íseal go maith ar an mbord, ar fáil cé nach bhfacthas aon úsáideoirí cathaoireacha rothaí ag vótáil fad a bhí an fhoireann breathnóireachta ag freastal ar an stáisiún vótála. Bhí foireann breathnóireachta PEER sásta ar an iomlán le hacmhainní agus leagan amach an stáisiúin vótála agus mheas siad go raibh sé inrochtana d’úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Chuir an Coimisiún an ceann comhairimh do thoghcheantar Lú ar an eolas faoina chuairt ar an stáisiún vótála sin agus faoina bhreathnóireacht, agus ghabh buíochas as na feabhsúcháin a cuireadh i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh an bothán vótála agus an bosca ballóide inrochtana d’úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar lá na vótála.

As an 78 stáisiún vótála a roghnaíodh ar chúiseanna eile seachas inrochtaineacht, measadh go raibh bealach isteach ag 21% nach mbeadh inrochtana go héasca agus go neamhspleách ag úsáideoir cathaoireach rothaí. Anuas air sin, ag 24% de na stáisiúin vótála sin, measadh nach raibh na socruithe chun marcáil agus leagan na bpáipéar ballóide sa bhosca ballóide a éascú de réir alt 3(2)(b)(i) den *Acht Toghchán (Leasú), 1996* ina n-éilítear "cibé socruithe eile a éascóidh do vótálaithe a bhféadfaidh gur úsáideoirí cathaoireacha rothaí iad a bpáipéir bhallóide a mharcáil agus iad a chur sa bhosca ballóide". Dúirt ceann comhairimh amháin leis an gCoimisiún go n-ordaítear d'fhoireann a stáisiúin vótála socruithe malartacha a chur i bhfeidhm nuair is gá, ar nós an bosca ballóide a chur ar leibhéal níos ísle chun freastal ar úsáideoir cathaoireach rothaí.

Ní raibh aon rampa cathaoireacha rothaí i 29 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu agus inar mheas foirne breathnóireachta PEER gur theastaigh siad. Chonacthas go raibh rampaí cathaoireacha rothaí ar fáil i 53 stáisiún vótála ar thug an Coimisiún cuairt orthu, agus nár theastaigh rampaí in 18 gcinn de na stáisiúin vótála.

Chonacthas rampaí cathaoireacha rothaí nua i stáisiúin vótála a chatagóirigh cinn




Scoil Náisiúnta Rann na Feirste, Anagaire, Dún na nGall



comhairimh mar neamh-inrochtana in imeachtaí toghcháin roimhe sin, ar nós Scoil Náisiúnta Dhraighní i gCo. Chorcaí agus Scoil Náisiúnta Rann na Feirste, Anagaire, Dún na nGall.

Tuigeann an Coimisiún nach bhfaigheann cinn chomhairimh cistí chun tacú le haon obair athchóirithe. Bíonn ar na cinn chomhairimh, mar sin, cothromaíocht a bhaint amach idir a chinntiú go bhfuil na stáisiúin vótála ar fad inrochtana do chathaoireacha rothaí agus an ceanglas go bhfuil toghthóirí in ann vóta a chaitheamh ina bparóiste/gceantar féin agus na riachtanais taistil nó tiomána a laghdú oiread agus is féidir. Ach ba cheart caitheamh le hinfhaighteacht rampaí cathaoireacha rothaí nuair a theastaíonn siad mar rud riachtanach i ngach stáisiún vótála, seachas má chuirtear réitigh níos buaine i bhfeidhm chun foirgneamh a dhéanamh inrochtana. Níl soláthar rampaí díréireach ó thaobh costas.

Ba mhór ag breathnóirí an Choimisiúin a fheiceáil go raibh roinnt stáisiúin vótála i gCo. Chiarraí a ainmníodh go hoifigiúil mar neamh-inrochtana sna fógraí poiblí a eisíodh roimh thoghcháin mhí an Mheithimh (de réir alt 94 den *Acht Toghcháin, 1992* arna leasú le halt 3 den *Acht Toghcháin (Leasú), 1996*), ach go raibh siad inrochtana mar sin féin ar lá na vótála.

## Canbhasáil

Tá cosc ar chanbhasáil i stáisiún vótála, i gcúirtealáiste foirgnimh ina bhfuil stáisiúin vótála nó in áit ar bith laistigh de 50 méadar de stáisiúin vótála, agus rangaítear mar chion é faoin dlí toghcháin. Áirítear le canbhasáil bileoga a scaipeadh, póstaeir a chrochadh, nó callaire a úsáid.

Chonaic ár bhfoirne breathnóireachta póstaeir nó bileoga toghcháin laistigh de 50 méadar de stáisiúin vótála i 26 as an 100 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu. Is cion toghcháin a leithéid de ghníomhaíocht. Mar a leagtar amach sa lámhleabhar le haghaidh Oifigigh Cheannais sna Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, agus sna Toghcháin Áitiúla agus i dToghcháin Mhéara Luimnigh, tá sé de dhualgas ar oifigigh cheannais aon phóstaeir ar taispeáint nó bileoga nó cártaí atá á ndáileadh, laistigh de 50 méadar laistigh nó lasmuigh de na tailte, a chur in iúl do na Gardaí. Anuas ar bheith in aghaidh an dlí, measann an Coimisiún go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag teacht salach ar éiteas timpeallachta toghcháin chóir. Leanfaimid lenár monatóireacht ar an ábhar imní seo san olltoghchán atá ag teannadh linn.

Is leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go príomha a bhaineann an fhreagracht as beartas nó reachtaíocht toghcháin a rialaíonn póstaeir agus canbhasáil toghcháin. Tugtar tiomantas i gClár Taighde 2024–2026[10] ón gCoimisiún do thaighde a dhéanamh ar cheist na bpóstaer toghcháin. Cuirfidh próiseas comhairliúcháin phoiblí bonn eolais faoin taighde sin.

## Príobháideachas toghthóirí

I gcodarsnacht leis na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i mí an Mhárta 2024, tráth nach bhfacthas aon deacracht le rúndacht na mbothanna, nó urranna, vótála, mheas foirne breathnóireachta PEER i 10% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu nach fhág na hurranna vótála go bhféadfadh toghthóirí vóta a chaitheamh go rúnda de réir alt 94(5)(a) den *Acht Toghcháin, 1992*. Mheas foirne breathnóireachta PEER freisin nach raibh an leagan amach i roinnt stáisiúin vótála fabhrach do rúndacht an phróisis vótála (8%) nó do shlándáil an bhosca ballóide (5%).

Ó dúnadh an vótáil ar an 7 Meitheamh 2024, fuarthas tuairiscí trí chainéil ríomhphost an Choimisiúin faoi cheisteanna príobháideachais ag stáisiúin vótála. Is dóigh gur chuir fad na bpáipéar ballóide, na páipéir bhallóide Eorpacha go háirithe, le fadhbanna príobháideachais freisin, toisc gur mheas toghthóirí i roinnt cásanna go raibh sé deacair an páipéar ballóide a chomhlánú sa spás vótála a cuireadh ar fáil.

Ag stáisiún vótála amháin, cuireadh boird ar fáil do thoghthóirí nár theastaigh uathu fanacht ar urrann vótála. Cé go mb'fhéidir gur bhraith foireann an stáisiúin vótála go raibh sé sin éifeachtúil, léiríonn sé sárú féideartha suntasach ar phríobháideachas na ballóide. I stáisiúin vótála eile, bhí fadhb le suíomh na n-urrann vótála; i stáisiún vótála amháin, cuireadh urranna vótála ag bealach isteach an stáisiúin vótála ar bhealach a d'fhág go bhféadfadh toghthóirí páipéir bhallóide a bhí á marcáil a fheiceáil agus iad ag teacht isteach sa spás sin.

Cé is moite de vótáil compánach dhlisteanach a bhforáiltear dó i gcúinsí áirithe faoi alt 103(3) den *Acht Toghcháin, 1992*, arna leasú, níor comhlíonadh an ceanglas a chinntiú go mbíonn toghthóir amháin ag an am san urrann vótála, de réir alt 101(3) den *Acht Toghcháin, 1992*, sna stáisiúin vótála ar fad ar tugadh cuairt orthu. Chonaic foirne breathnóireachta PEER beirt toghthóirí in aon urrann vótála amháin ag an am céanna naoi n-uaire. Ag stáisiún vótála amháin, léirigh an fhoireann go bhfaca siad an méid sin ag tarlú arís agus arís eile, agus dúirt gur scar siad toghthóirí aon uair a tharla sárú.

## Cúnamh le haghaidh toghthóirí atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc

Tugtar breac-chuntas sa chás-staidéar a leanas ar dhá chineál cúnaimh a bhíonn ar fáil do thoghthóirí atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc: Teimpléad Páipéir Ballóide agus seirbhísí Saorghlao.

### Cás-staidéar a dó

Roimh thoghcháin mhí an Mheithimh, bhreathnaigh an Coimisiún ar fhógraí ar shuíomhanna gréasáin na gceann comhairimh ar nós an fhógra seo a leanas ar https://corkcityreturningofficer.com/

**Vótálaithe ar a bhfuil Lagú Amhairc**

*"Más vótálaí thú ar a bhfuil lagú amhairc agus ar mian leat vóta a chaitheamh go rúnda, féadfaidh tú a iarraidh ar an oifigeach ceannais ag do stáisiún vótála teimpléad páipéir ballóide a ghreamú de do pháipéar ballóide. Treoraíonn uimhriú ardaithe agus braille ar an teimpléad thú chuig na hoscailtí ábhartha a bhaineann leis na hiarrthóirí ar an bpáipéar ballóide. Féadfaidh tú aithne a chur ar na hiarrthóirí ar an bpáipéar ballóide trí ghlaoch a chur ar an uimhir Shaorghlao a leanas a mhinice is maith leat roimh lá na vótála.*
*1800-100-321*
*Féadfaidh tú d'fhón póca a úsáid sa stáisiún vótála freisin ar lá na vótála chun teacht ar an eolas sin."*

Tá Teimpléid Páipéir Ballóide ar fáil i stáisiúin vótála ó bhí 2018 ann. Le hIonstraim Reachtúil, *I.R. Uimh. 196 de 2019* – Rialacháin Toghchán (Teimpléad Páipéir Ballóide) 2019, de bhun I.R. Uimh. 196(3), foráiltear go bhfuil Teimpléid Páipéir Ballóide le cur ar fáil ag cinn chomhairimh sna stáisiúin vótála má theastaíonn siad. Féadfar na teimpléid a úsáid astu féin, nó i gcomhar leis an gcúnamh atá ar fáil trí ghlaoch ar uimhir shaorghlao, ar nós na seirbhíse thuasluaite.

## Seirbhísí Saorghlao

Nuair a ghlaonn toghthóir ar uimhir shaorghlao a shanntar ar thoghlimistéar ar leith, léitear liosta de na hiarrthóirí ar fad i dtoghchán don ghlaoitear, de réir an oird ar a bhfuil siad ar na páipéir bhallóide. Tá an t-eolas sin faoi na hiarrthóirí ar fáil ó na seirbhísí saorghlao a bhainistíonn na húdaráis áitiúla, a bhíonn i bhfeidhm roimh lá na vótála agus ar lá na vótála féin.

Ar an 4 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún sonraí na n-uimhreacha fóin do thoghthóirí le go bhféadfaí glaoch ar chuid (ach ní iad ar fad) de shuíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil. Fuair an Coimisiún amach go raibh uimhreacha fóin uile na seirbhíse ar fáil ar liosta ar shuíomh gréasáin ghníomhaireacht náisiúnta na hÉireann um chailliúint radharc na súl – 'Vision Ireland'[11].

Chuir an Coimisiún glaoch tástála ar na huimhreacha saorghlao ar fad, agus sonraíodh gur úsáideadh uimhreacha fóin agus taifeadtaí ar leith do na toghcháin Eorpacha agus áitiúla. Fuaireamar amach gur freagraíodh, ar an iomlán, na huimhreacha fóin le haghaidh na dtoghchán áitiúil le taifeadadh uathoibrithe[12] a thug roghchlár trína bhféadfadh glaoiteoirí a dToghlimistéar Áitiúil a roghnú. Bhí an t-eolas faoi thoghchán mhéara Luimnigh ar fáil mar rogha ag deireadh an roghchláir do thoghcháin áitiúla Luimnigh. Fuair an Coimisiún amach go raibh 20 as an 31 uimhir shaorghlao le haghaidh na dtoghchán áitiúil ag obair ar an 4 Meitheamh, ach ba chosúil nach raibh 11 uimhir shaorghlao ag obair. Bhí na trí sheirbhís saorghlao le haghaidh na dtoghchán Eorpacha ag obair nuair a seiceáladh iad. As na taifeadtaí a bhí ar fáil, measadh go raibh a bhformhór ar ardchaighdeán i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún feidhmíocht na línte cabhrach saorghlao a thástáil tuilleadh sa chéad olltoghchán eile, lena n-áirítear ar lá na vótála.



## Cúnamh le haghaidh toghthóirí atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc

Shonraigh an Coimisiún go raibh Teimpléid Páipéir Ballóide ar fáil sna stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu, seachas i gcás trí stáisiún vótála. Ach nuair a d'fhiosraigh foirne breathnóireachta PEER leibhéal úsáidte na dteimpléad, dúradh leo nár iarr toghthóirí le haghaidh an teimpléid. Anuas air sin, níor thuairiscigh aon fhoireann breathnóireachta PEER go bhfacthas teimpléad in úsáid i rith an lae. Go neamhfhoirmeálta, chuir oifigeach ceannais amháin in iúl go raibh sé ina oifigeach ceannais go mion minic agus nach bhfaca sé an Teimpléad Páipéir Ballóide in úsáid ach faoi dhó. Dúirt oifigeach ceannais eile le foireann breathnóireachta PEER gur theastaigh oiliúint ar na teimpléid ó fhoireann an stáisiúin vótála.

Shonraigh foirne breathnóireachta PEER gur úsáid toghthóirí ar a bhfuil lagú amhairc áiseanna a chuir an fhoireann toghcháin ar fáil, ar nós gloine formhéadúcháin nó na póstaeir i gcló mór, agus chonacthas vótálaí amháin ag úsáid na huimhreach saorghlao don líne chabhrach. Chonaiceamar vótáil chompánach dhlisteanach freisin i gcás vótálaí ar a bhfuil lagú amhairc, mar a bhforáiltear dó in alt 103(3) den *Acht Toghcháin, 1992*, arna leasú.

Maidir leis na leibhéil úsáide ísle a tuairiscíodh i gcás na dteimpléad, shonraigh an Coimisiún gur thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta figiúirí cheana a léirigh gur taifeadadh gur úsáideadh 60 Teimpléad Páipéir Ballóide in Olltoghchán 2020 (níl sonraí ar fáil faoi mhí an Mhárta ná mí an Mheithimh 2024 faoi láthair). D'ainneoin na leibhéal íseal úsáide, bhí an t-aiseolas aonair a thaifead oifigigh cheannais idir dhearfach agus diúltach i dtaobh thaithí na dtoghthóirí a d'úsáid na teimpléid.

I mí Iúil 2024, bhuail an Coimisiún leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina gcáil mar chathaoirleach agus rúnaíocht don Mheitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas. Ag an gcruinniú, thug an Coimisiún breac-chuntas ar dheacrachtaí oibríochta a bhí aige i dtaobh na línte cabhrach saorghlao. Thug an Coimisiún le fios go bhfuil sé i gceist aige monatóireacht a dhéanamh ar stádas feidhmíochta na línte cabhrach saorghlao sa chéad olltoghchán eile. Measann an Coimisiún freisin go bhféadfadh bolscaireacht bhreise ar na línte cabhrach cabhrú le toghthóirí freisin chun an páipéar ballóide a léamh roimh lá na vótála. I gcás amháin, thug toghthóir ar a bhfuil lagú amhairc, agus a vótálann tríd an bpost le teicneolaíocht oiriúnaitheach atá ar fáil ar a bhfón, le fios don Choimisiún go raibh seans ann go mbainfidís leas as an tseirbhís saorghlao nuair a chaithfidís a vóta poist.

Sonraíonn an Coimisiún gur dhearbhaigh 30,965 duine i nDaonáireamh 2022 go raibh siad dall nó go raibh lagú amhairc orthu *"go mór"*. Bunaithe ar na próifílí aoise a bhaineann leis na freagraí ar an Daonáireamh, tá thart ar 27,000 duine ar aois vótála dall nó tá lagú amhairc orthu *"go mór"*[13]. Faoi láthair, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil dóthain faisnéise aige chun aon chúis faoi leith a thabhairt ar na leibhéil úsáide ísle thuairiscithe de na Teimpléid Páipéir Ballóide, agus measann sé go dteastaíonn tuilleadh imscrúdaithe i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha sula mbaintear aon tátail ar a úsáidí nó a ábhartha atá na teimpléid. Tuigeann an Coimisiún go bhfuil áiseanna eile á n-úsáid anois ag toghthóirí ar a bhfuil lagú amhairc nuair atá siad ag caitheamh vóta, ar nós scanóirí agus fóin a úsáid chun páipéir bhallóide a léamh.

Molann an Coimisiún go bhfuil gá le hathbhreithniú cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad ar an treoir agus ar na hábhair atá ar fáil le haghaidh vótálaithe atá dall nó ar a bhfuil lagú amhairc nuair atá siad ag caitheamh vóta. Tá rannpháirteachas díreach na dtoghthóirí ar a bhfuil lagú amhairc san athbhreithniú sin riachtanach.



## Stampáil na bpáipéar ballóide

Chonaic an fhoireann PEER roinnt uaireanta nár comhlíonadh na ceanglais i dtaobh stampáil na bpáipéar ballóide, is é sin, iad a mharcáil le marc oifigiúil de réir alt 101(2)(b) den *Acht Toghcháin, 1992*, cé gur cásanna aonair a bhí iontu. Ag stáisiún vótála amháin, ba chosúil go raibh cléireach vótála ag 'réamhstampáil' páipéir bhallóide, is é sin, ag stampáil páipéir bhallóide sular tháinig toghthóir chuig an stáisiún vótála. Tá sé sin ag teacht salach ar an reachtaíocht toghcháin ina bhforordaítear go stampáiltear páipéar ballóide *"láithreach roimh pháipeur ballóide do sheachada do thoghthóir"*. Ní mholtar go ndearnadh sin ar chúis ar bith seachas chun am a shábháil, ach sáraíonn sé na rialacha.

Chonaic foireann breathnóireachta PEER eile gur stampáladh an páipéar ballóide don toghchán áitiúil agus an páipéar ballóide don toghchán do Pharlaimint na hEorpa ag an am céanna. D'fhéadfaí nach bpollfaí na páipéir bhallóide ina n-iomláine nó i gceart dá bharr sin. Níl aon débhrí ag baint leis an treoir a eisíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, is é sin go stampálfar páipéir bhallóide ceann ar cheann nuair a eisítear iad[14]. Seachas sna cásanna sin, níor tharla sé ach uair amháin go bhfaca foireann PEER nár stampáladh páipéar ballóide, agus chonacthas gur 'stampáladh' gach páipéar ballóide eile. Ag cúpla stáisiún vótála, chuir an fhoireann vótála bileog ghealbhuí ar taispeáint ar a raibh teachtaireacht chun a chur i gcuimhne do na toghthóirí a dheimhniú gur stampáladh a bpáipéar ballóide – measadh gur aide-mémoire áisiúil a bhí ansin.

Thug sonraí a tháirg cinn chomhairimh le fios gur milleadh 1,528 vóta sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa i mí an Mheithimh 2024 toisc nach raibh aon mharc oifigiúil ar na páipéir bhallóide (bhí 54,996 vóta neamhbhailí san iomlán). Léiríonn sé sin 2.78% de na vótaí neamhbhailí ar fad agus is laghdú é ar an gcéatadán vótaí a milleadh mar go raibh an marc oifigiúil sin in easnamh ón bpáipéar ballóide (4.6%) i mí an Mhárta 2024 nuair a milleadh 742 vóta sa reifreann faoin Teaghlach (bhí 16,105 vóta neamhbhailí san iomlán).

Is ceist ar leith é fadhb na vótaí millte neamhbheartaithe a bhfuil an Coimisiún ag leanúint ag tabhairt aghaidh air mar cheist a bhfuil tús áite le tabhairt dó ina thionscnaimh oideachais do vótálaithe, for-rochtana agus méadaithe feasachta. Go sonrach, sa tréimhse roimh lá na vótála i mí an Mheithimh, sheol an Coimisiún feachtas oideachais do vótálaithe, '*Ná Mill Do Lá*', i bPáirc an Chrócaigh ar an 27 Bealtaine 2024[15], agus tá tuilleadh sonraí faoi sin ar fáil ar lch 41 ina dtuairiscítear ar fheachtas eolais an Choimisiúin féin.

## Priontáil na bpáipéar ballóide

Fadhb eile a tháinig chun cinn i rith na dtoghchán áitiúil agus Eorpach i mí an Mheithimh ab ea eisiúint na bpáipéar ballóide agus bhain sé, go sonrach, leis an bpróiseas a bhaineann leis na páipéir bhallóide a bhaint as na 'leabhair ballóide'. De réir *na Rialachán um Thoghcháin Áitiúla, 1995*, alt 50, agus *an Achta um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997*, alt 50(3), tá cinn chomhairimh freagrach as páipéir bhallóide a phriontáil agus a fháil, rud a éascaítear trí chlódóirí a fhostaíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Nuair a sheachadtar na páipéir bhallóide phriontáilte ar na cinn chomhairimh i bhfoirm leabhar ballóide ina mbíonn 50 nó 100 páipéar ballóide, polltar imeall ceangailte an pháipéir ballóide ionas gur féidir leis an bhfoireann vótála páipéar ballóide a bhaint as an leabhar ballóide agus é a eisiúint do vótálaí. Ag brath ar an gclódóir a úsáideadh, bíonn difríochtaí le brath in imeall pollta an pháipéir ballóide; i gcásanna áirithe, ceanglaítear an páipéar ballóide ar an imeall ingearach, i gcásanna eile, ceanglaítear é ar an imeall cothrománach. Dúirt roinnt den fhoireann vótála le breathnóirí an Choimisiúin go raibh an próiseas a bhaineann leis na páipéir bhallóide a bhaint as an leabhar ballóide amscaí; shonraigh an Coimisiún, i dteannta fhad an pháipéir ballóide, gur chruthaigh caighdeán an pháipéir agus an phollta fadhbanna, go príomha i dtaobh an baol a bhain leis an bpáipéar ballóide a stróiceadh nó an comhdhuille a bhaint den

leabhar ballóide leis an bpáipéar ballóide. Meastar, go hiondúil, go bhfuil páipéar ballóide stróicthe ina pháipéar ballóide bailí don chomhaireamh – fad is go bhfuil an páipéar ballóide in aon phíosa amháin fós – ach má chuireann an stróiceadh isteach ar an marc oifigiúil ar an bpáipéar ballóide, meastar go bhfuil an páipéar ballóide neamhbhailí. Tá sé tábhachtach go luaitear gur beag seans go dtarlódh a leithéid d'fhadhb toisc go moltar don fhoireann vótála páipéar ballóide a stampáil leis an marc oifigiúil nuair a bhaintear as an leabhar ballóide é chun é a eisiúint do vótálaí.

Tugann na breathnóireachtaí le fios, i gcásanna ina bhfuil fad an pháipéir ballóide ina ábhar plé, go bhfuil caighdeán an pháipéar agus an phollta tábhachtach agus go deimhin, rinneadh roinnt tuairiscithe sna meáin ar fhad an pháipéir ballóide i rith na dtoghchán áitiúil agus Eorpach.

## Oiliúint agus aiseolas ón bhfoireann vótála

Moladh i dtuarascáil PEER an Mhárta gur cheart oiliúint chaighdeánach a chur ar na baill foirne ar fad ag stáisiúin vótála, le béim faoi leith ar a chinntiú go marcáiltear páipéir bhallóide i gceart.

Ar lá na vótála i mí an Mheithimh, dúirt oifigeach ceannais maoirseachta i gcás amháin leis an bhfoireann breathnóireachta PEER go raibh orthu monatóireacht a dhéanamh ar oifigeach ceannais toisc nach bhfuair an t-oifigeach sin dóthain oiliúna. I gcás eile, luaigh oifigeach ceannais go dteastaíonn ábhar oiliúna feabhsaithe, go háirithe i dtaobh na dteimpléad páipéir ballóide. I gcás amháin a chruthaigh imní, dúirt oifigeach ceannais le foireann breathnóireachta PEER nach raibh a fhios acu gur fhógair an ceann comhairimh áitiúil i bhfógra poiblí go raibh an stáisiún vótála inar fostaíodh iad neamh-inrochtana.

Measann an Coimisiún go gcaithfidh sé próiseas earcaíochta agus oiliúna fhoireann na stáisiún vótála a scrúdú níos mine. Idir an dá linn, bunaithe ar a phlé le cinn chomhairimh, leasaigh an Coimisiún an dá mholadh a bhaineann le hoiliúint i dtuarascáil PEER an Mhárta chun tagairt shonrach a dhéanamh don ngá atá le hoiliúint shaincheaptha a chur ar fáil d'fhoireann toghcháin nuacheaptha agus oiliúint feasachta míchumais don fhoireann toghcháin ar fad.

## Comharthaíocht

Ceanglaítear ar chinn chomhairimh leis *na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995*, alt 57(3) agus leis *an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997*, alt 56(4) fógra poiblí a sholáthar faoi shuíomh na stáisiún vótála. Moltar sa treoir a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go gcuirfí fógra oifigiúil a thugann 'Stáisiún Vótála' le fios ar taispeáint ag gach stáisiún vótála agus go mbeadh treochomharthaíocht atá an-infheicthe ar taispeáint ar an mbealach chuig aon stáisiún vótála nach bhfuil lonnaithe ar phríomhshráid. Is é cuspóir na comharthaíochta sin a chinntiú go bhfuil na toghthóirí ar an eolas faoi shuíomh an stáisiúin vótála. Tá sé sin tábhachtach toisc go mbíonn stáisiúin vótála in áitreabh lena mbaineann príomhchuspóir eile go minic, scoileanna náisiúnta mar shampla. Chomh maith leis sin, éascaíonn comharthaíocht leordhóthanach rannpháirteachas toghthóirí aistrithe, toghthóirí ó cheantair thuaithe a bhog go ceantair uirbeacha agus vice versa, mar shampla; tá sé sin go mór i gceist i rith imeacht toghcháin ar nós na dtoghchán áitiúil agus Eorpach ina mbíonn cohórt níos leithne den daonra i dteideal vóta a chaitheamh. Thuairiscigh breathnóirí an Choimisiúin go raibh treochomharthaíocht i 33% de na stáisiúin vótála ar tugadh cuairt orthu i rith na dtoghchán áitiúil agus Eorpach i mí an Mheithimh chun cabhrú leis na toghthóirí na stáisiúin vótála a aithint; laghdú beag é sin ar an 39% de na stáisiúin vótála a raibh comharthaíocht ar taispeáint acu i rith na reifreann i mí an Mhárta. Bhí fógra oifigiúil a thug 'stáisiún vótála' le fios ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála i 93% de na cásanna.



## Feachtas eolais le haghaidh thoghcháin an 7 Meitheamh

Roimh lá na vótála agus sular thugamar faoinár n-athbhreithniú ar lá an toghcháin, thug an Coimisiún faoi fheachtas cuimsitheach chun an pobal a chur ar an eolas agus a chur i mbun plé ar na toghcháin áitiúla agus Eorpacha agus toghchán mhéara Luimnigh. Bhí fógraíocht teilifíse, raidió, phrionta, lasmuigh, ar thaispeáint dhigiteach agus ar chainéil meán sóisialta ina cuid den fheachtas sé seachtaine. Chuir clár d'imeachtaí rannpháirtíocht an phobail agus sna meáin ar fud na tíre leis sin. D'óstáil suíomh gréasáin agus cainéil meán sóisialta an Choimisiúin raon leathan d'ábhar úsáideach chun cabhrú leis an bpobal ullmhú chun a vóta a chaitheamh ar lá na vótála.

### Rannpháirtíocht sna meáin

Thug an Coimisiún faoi chlár cuimsitheach rannpháirtíochta sna meáin ar fud na meán náisiúnta agus réigiúnach. I rith thréimhse an fheachtais, bhí ár gCathaoirleach an Breitheamh Uasal Marie Baker, an Príomhfheidhmeannach Art O'Leary, an Ceannasaí Oibríochtaí Toghcháin Tim Carey, agus an Bainisteoir Cumarsáide Brian Dawson, páirteach i 64 rannpháirtíocht dhíreach sna meáin, anuas ar an tuairisciú ginearálta ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin.

Tugadh faoi agallaimh Ghaeilge freisin le hurlabhra Gaeilge an Choimisiúin.

### Feachtas fógraíochta

Seachadadh an feachtas fógraíochta ar an teilifís, raidió, preas, fógraíocht lasmuigh (cláir fógraí srl.), agus ar na meáin shóisialta agus dhigiteacha. Bhí trí chéim ar leith ag baint leis an bhfeachtas a tharla i gcomhthráth i rith thréimhse an fheachtais:
Céim 1 – ón 6 Bealtaine go dtí an 20 Bealtaine, díríodh ar fheasacht an lucht vótála ar na toghcháin agus ar chlárú.
Céim 2 – ó thús mhí na Bealtaine go dtí an tseachtain deiridh, díríodh ar fheasacht ar lá na vótála.
Céim 3 – an tseachtain deiridh den fheachtas go dtí an 7 Meitheamh, díríodh ar shonraí a roinnt den mhéid a theastódh ó dhaoine chun vóta a chaitheamh agus ar thacú le vótálaithe agus iad ag ullmhú le vótáil, físeán mionsonraithe a ullmhaíodh go sonrach ina measc faoi 'conas vóta a chaitheamh'.

### Imeachtaí feachtais

Gné lárnach a thacaigh le feachtas eolais an Choimisiúin do thoghcháin an 7 Meitheamh ab ea an clár de 16 imeacht fhisiciúla i gceithre chontae, le béim faoi leith ar Luimneach chun toghchán mhéara Luimnigh a mhíniú.





I measc imeachtaí rannpháirtíocht an phobail bhí trí lá de chuairteanna fisiciúla ar Chathair agus Contae Luimnigh, a chuimsigh leabharlanna, tionscadal Lucht Siúil, rannpháirtíocht le vótálaithe céaduaire i meánscoil, Cumann Tráchtála Luimnigh, ionaid pobail, Ollscoil Luimnigh agus seisiún ceisteanna agus freagraí le grúpa le haghaidh tuismitheoirí i mbunscoil.

Ag tús an fheachtais, d'óstáil an Coimisiún imeacht le hAmbasadóirí chun na hÉireann chun aird a tharraingt ar incháilitheacht vótálaithe sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha, agus chun eolas a chur ar fáil do bhaill foirne consalachta chun a bpobail a spreagadh le clárú le vótáil.

Chomh maith leis sin, thug an Coimisiún faoi chomhpháirtíocht le Comhairle um Inimircigh na hÉireann, a chuaigh i bhfeidhm ar os cionn 3,000 duine. Anuas air sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhar le 16 eagraíocht chun 25 ceardlann a sholáthar i raon teangacha.

Labhair Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin, Art O'Leary, ag Lá Náisiúnta Chlárú na Vótálaithe, a eagraíodh chun méadú ar chlárú agus rannpháirteachas vótálaithe a spreagadh. Bhí an Coimisiún páirteach freisin in imeachtaí a spreag pobail ar leith, ar nós an phobail LADTAI+ agus daoine faoi mhíchumas, chun clárú le vótáil agus páirt a ghlacadh i dtoghcháin an 7 Meitheamh.



Ar an lá deiridh den fheachtas, bhí Príomhfheidhmeannach agus foireann an Choimisiúin ar Shráid Grafton i mBaile Átha Cliath agus ag labhairt leis na meáin chraolta chun a áitiú uair amháin eile ar dhaoine dul agus vóta a chaitheamh; tugadh faoi chanbhasálacha sráide dá leithéid i gCathair Luimnigh agus in Áth Dara freisin.

Leagtar amach tiomantas an Choimisiúin do rannpháirtíocht an phobail i Ráiteas Straitéise 2024–2026 dár gcuid. Tugtar breac-chuntas ann ar chur chuige atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar an toghlacht agus feasacht a mhéadú ina measc chun go mbeifí rannpháirteach in imeachtaí toghcháin.

## Fócais feachtais spriocdhírithe

Laistigh den fheachtas iomlán, rinne an Coimisiún iarracht faoi leith trí fheachtas oideachais dírithe ar vótálaithe líon na vótaí millte neamhbheartaithe a laghdú. Cuireadh tús lenár bhfeachtas 'Ná Mill Do Lá' le himeacht a ndearnadh an-phlé air sna meáin náisiúnta a reáchtáil an Coimisiún Dé Luain, 27 Bealtaine i bPáirc an Chrócaigh, agus seoladh físeáin nua oideachais do vótálaithe inar leagadh amach gach céim den phróiseas vótála, ón mbealach isteach chuig an stáisiún vótála go dtí an bealach amach.

Bhí sé d'aidhm ag an bhfeachtas oideachais do vótálaithe líon na vótaí millte neamhbheartaithe a laghdú. Bhí os cionn 108,000 vóta neamhbhailí sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha roimhe sin in 2019, agus ba é sin ba chúis le daoine a spreagadh "gan a vótaí a mhilleadh" ar an 7 Meitheamh. Tuairiscíodh ar 'Ná Mill do Lá' ar RTÉ TV News, RTÉ Morning Ireland, Newstalk Breakfast, na stáisiúin raidió réigiúnacha ar fad beagnach, ar an Irish Independent, Irish Times agus ar fud meáin dhigiteacha ar nós BreakingNews.ie.

Ba é toradh an fheachtais sin laghdú suntasach 29% ar leibhéal na vótaí millte sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha. Bhí 77,464






vóta neamhbhailí nó 'millte' sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha ar an 7 Meitheamh. Dearbhaíodh go raibh 108,488 vóta neamhbhailí sna toghcháin sin in 2019. Sin laghdú 31,024, cé gur tháinig méadú ar líon na ndaoine a chaith vóta.

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún forbairt a dhéanamh ar an obair sin le haghaidh imeachtaí toghcháin amach anseo.

## Suíomh Gréasáin

Forbraíodh agus seoladh dearadh nua don suíomh gréasáin www.electoralcommission.ie agus leagan amach éasca le húsáid roimh thoghcháin an 7 Meitheamh. Dearadh an suíomh gréasáin nua leis an inrochtaineacht ar thús cadhnaíochta chun taithí inrochtana a chruthú don uile úsáideoir. I rith thréimhse an fheachtais (6 Bealtaine – 7 Meitheamh), thug 183,000 úsáideoir cuairt ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, a raibh 177,000 cuairteoir nua ar an suíomh ina measc. Léirigh an anailís go ndeachaigh 90.7% de na húsáideoirí ar an suíomh ar ghléasanna móibíleacha. I measc na leathanach gréasáin is mó ar tugadh cuairt orthu bhí: 'Toghcháin na gComhairlí Áitiúla', 'Conas Vóta a Chaitheamh', 'Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa' agus 'Cá háit le Vótáil'. Bhí rannóg Ceisteanna Coitianta ar an suíomh gréasáin inar tugadh freagraí cuimsitheacha ar go leor de na ceisteanna a seoladh chuig an gCoimisiún roimh na toghcháin agus sa tréimhse díreach rompu.

## Na meáin shóisialta

Roinn an Coimisiún sceideal de phoist fhaisnéiseacha ar raon cainéil meán sóisialta (X, Instagram, Facebook, Threads, Snapchat, TikTok agus LinkedIn). Bhí sceideal inneachair sé seachtaine mar chuid den fheachtas a raibh ábhar éagsúil i gceist leis.

I measc na bpost, bhí eolas riachtanach do vótálaithe céaduaire, sonraí faoi spriocdhátaí le clárú le vótáil, eolas faoin gcaoi le vóta a chaitheamh agus an chaoi gan do vóta a mhilleadh trí thimpiste, an chaoi le hullmhú le vótáil agus an méid a chaithfear a dhéanamh ar lá na vótála. Bhí sonraí faoi imeachtaí rannpháirtíocht an phobail agus agallaimh/cainteanna sna meáin mar chuid den ghníomhaíocht sin freisin. D'fhás an Coimisiún a láithreacht ar Instagram, go háirithe, agus aimsíodh lucht spéise ar 1.2 milliún cuntas i rith thréimhse an fheachtais. Ar fud na n-ardán eile, cé go rabhthas ag tosú ó bhonn íseal i ndiaidh ár mbunaithe, táimid ag fás ár n-aimsithe agus rannpháirtíochta leis an lucht spéise.

Chuir an Coimisiún micreafheachtas sonrach ar bun freisin ar fud na meán sóisialta inar iarradh ar scoláirí Ardteistiméireachta a bhí i mbun na bpáipéar Matamaitice agus Tíreolaíochta ar an 7 Meitheamh a vóta a chaitheamh roimh a scrúduithe nó ina ndiaidh. Chuir an Coimisiún inneachar i láthair a bhain le luchtanna spéise sonracha ar gach cainéal.

# 10. Sonraí Vótála Toghchán: Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS)

Cé gur príomhuirlis í an bhreathnóireacht a úsáidtear chun PEERanna a chur i dtoll a chéile, chinn an Coimisiún cur leis sin le sonraí cainníochtúla ar scála níos mó i dtaobh thaithí na vótálaithe. Bailíodh roinnt sonraí dá leithéid i mí an Mhárta agus cuireadh leis sin agus forbraíodh é i mí an Mheithimh le béim faoi leith ar vótálaithe faoi mhíchumas. Rinneadh suirbhé ar líne tar éis an toghcháin ar bheagán le cois 3,000 vótálaí sna toghcháin áitiúla agus Eorpacha, chomh maith le suirbhé duine le duine ar bheagnach 900 vótálaí i dtoghchán Mhéara Luimnigh. Foilsíodh na sonraí ó na suirbhéanna sin i mí Iúil 2024[16].

Mar chuid de shuirbhéanna an Mheithimh, fiafraíodh roinnt ceisteanna faoin taithí vótála, agus bhí ceist faoi mhíchumas i measc na sonraí sochdhéimeagrafacha. Bhí comhréir na bhfreagróirí ar an suirbhé atá faoi mhíchumas ailínithe go dlúth le torthaí Dhaonáireamh 2022, tráth ar dhearbhaigh 22% de na daoine go raibh míchumas nó riocht sláinte orthu. Dúirt 22% de na freagróirí ar an suirbhé ar líne[17] go raibh siad ag maireachtáil le riocht nó míchumas – dúirt 12% go raibh riocht fisiciúil orthu, dúirt 9% go raibh riocht meabhairshláinte orthu, agus dúirt 6% go raibh siad faoi mhíchumas. I measc na bhfreagróirí ar fad ar an suirbhé ar líne, luaigh 9% díobh siúd nár chaith vóta i mí an Mheithimh gur mar gheall ar mhíchumas nó tinneas nár vótáil siad, agus luaigh 8% tiomantais 'cúraim' mar an chúis nár chaith siad vóta sna toghcháin áitiúla (7% sna toghcháin Eorpacha)[18].

I gcás 24% de na freagróirí ar an suirbhé a thuairiscigh go raibh siad ag maireachtáil le riocht nó míchumas de shaghas éigin, mhaígh siad nár chaith siad vóta sna toghcháin áitiúla, agus mhaígh 21% nár chaith siad vóta sna toghcháin Eorpacha. As na daoine sin nár chaith vóta a mhaireann le riocht/míchumas, luaigh 23% díobh a míchumas nó a dtinneas mar an chúis nár chaith siad vóta sna toghcháin Eorpacha (i gcomparáid le 9% i measc na bhfreagróirí ar fad nár chaith vóta). Anuas air sin, luaigh 12% de na daoine sin nár chaith vóta a mhaireann le riocht/míchumas 'nach raibh siad cláraithe le vóta a chaitheamh' mar an chúis nár chaith siad vóta sna toghcháin Eorpacha (i gcomparáid le 13% i measc na bhfreagróirí ar fad nár chaith vóta). Luaigh 9% de na daoine sin nár chaith vóta a mhaireann le riocht/míchumas tiomantais 'cúraim' mar an chúis nár chaith siad vóta sna toghcháin Eorpacha (i gcomparáid le 7% i measc na bhfreagróirí ar fad nár chaith vóta).

Tugann na torthaí sin ón Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais le fios go mbraitheann líon suntasach daoine a mhaireann le míchumas go gcuireann tinneas nó míchumas isteach ar a gcumas vóta a chaitheamh. Tugann an suirbhé seo le fios gurb é an phríomhchúis nach gcaitheann duine ar a bhfuil tinneas nó míchumas vóta ná a dtinneas nó a míchumas.

Rinneadh roinnt iarrachtaí chun inrochtaineacht an chórais toghcháin a chinntiú, ar nós leas a bhaint as foirgnimh inrochtana mar stáisiúin vótála, vóta poist a chur ar fáil dóibh siúd a mhaireann le míchumas, agus cead a thabhairt do thoghthóirí faoi mhíchumas a vóta a chaitheamh ag stáisiún vótála eile seachas an ceann a sannadh dóibh ar dtús. Ach tugann na torthaí seo le fios go láidir go gcaithfear tuilleadh oibre a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil gach toghthóir a mhaireann le míchumas in ann páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas toghcháin.

Chabhródh tuilleadh sonraí agus taighde ar na cineálacha míchumais atá ar dhaonra na hÉireann agus ar a dtionchar siúd ar rannpháirteachas sa phróiseas toghcháin le hoifigigh ina n-iarrachtaí an próiseas vótála a leasú chun an inrochtaineacht a mhéadú oiread agus is féidir. Chabhródh sé leis an gCoimisiún freisin ina iarrachtaí rannpháirteachas a spreagadh i measc grúpaí imeallaithe. Tá daoine a mhaireann le míchumas i dteideal vóta a chaitheamh sa phost roimh imeacht toghcháin. Simplíodh an próiseas cláraithe don phostvótáil leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, agus anois nuair a chuirtear duine ar a bhfuil míchumas nó tinneas fadtéarma ar an gclár, fanann siad ar an gclár agus ní bhíonn orthu iarratas nua a dhéanamh i gcás gach imeachta toghcháin. Mar cheann de na chéad chéimeanna in aghaidh a thabhairt ar an méid a tarraingíodh anuas leis na torthaí thuasluaite, molann an Coimisiún go gcuirfí eolas agus tacaíocht spriocdhírithe ar fáil chun feasacht a mhéadú i measc toghthóirí faoi mhíchumas ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an bpostvótáil. D'fhéadfadh an phostvótáil cuid de na deacrachtaí a bhí ag na freagróirí ar an suirbhé seo a réiteach, toisc go bhféadfaidh toghthóirí faoi mhíchumas atá cláraithe le haghaidh vóta poist vóta a chaitheamh sa bhaile, agus ag am agus ar lá a fheileann dóibh. Níl aon fhoráil faoi láthair le go mbainfidh toghthóirí leas as an bpostvótáil ar bhonn tiomantais cúraim, agus is réimse é sin a measann an Coimisiún ar fiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh air.

## Taithí vótálaithe ar chomh héasca nó chomh deacair is a bhí sé vóta a chaitheamh ar an lá




A11. Cén cineál taithí a bhí agat ar an vótáil?

Bonn: Gach freagróir a chaith vóta go cinnte; 2,475

